NCCA

National Council for Curriculum and Assessment
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# 2005 TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2005

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean
Baile Átha Cliath 2
Teil: +353 1 6617177
Faics: +353 1 6617180
Rphost: info@ncca.ie
Idirlíon: www.ncca.ie

Deartha ag Boyd Freeman Design
© 2006 CNCM

## An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnacha
## Turascáil Bhliantúil 2005

Clár


Brollach 2

Réamhrá 4

1. Ról na CNCM 6

2. Comhaltas na Comhairle 8

3. Obair na Comhairle 9

4. Foireann 10

5. Airgeadas 12

6. Ag Tacú le Spriocanna Ardleibhéil 2005 15
   - AL1 16
   - AL2 42
   - AL3 47
   - AL4 51
   - AL5 52

7. Liosta cruinnithe coiste 2005 58

Aguisín: Sleachta ó Ráiteas Airgeadais na CNCM
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2005 59



# Brollach

Is cúis áthais dom é tuarascáil bhliantiúl 2005 ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta a chur i láthair, an tuarascáil dheiridh um an dul chun cinn atá déanta chun na spriocanna ardleibhéil sonraithe sa Phlean Straitéise 2003-2006 a bhaint amach.

Tá ráiteas físe na Comhairle atá sonraithe sa phlean ardaidhmeannach: ról lárnach a imirt i múnlú córais oideachais den scoth a théann i ngleic le riachtanais gach uile fhoghlaimeora, a thacóidh lena rannpháirtíocht i bpobail agus sa tsochaí, agus a chuireann le forbairt sochaí an eolais in Éirinn. Bhí na cúig spriocanna ardleibhéil do 2003-2006 díreach chomh ardaidhmeannach agus bhí na haschuir a aithníodh don trí bliana leathan agus fairsing. Tá áthas orm a chur in iúl gur baineadh amach mórchuid na n-aschur agus sa chás go bhfuil obair fós ar bun, nó sa chás gur tháinig aschur nua in áit ceann a bhí ann roimhe sin, ba í an timpeallacht chasta ina fheidhmíonn an CNCM a bhí ina fachtóir chriticiúil i gcás aon athrú a thit amach.

Sa tuarascáil seo tugtar gníomhaíochtaí taighde na CNCM chun suntais. Ó cuireadh ar bhonn reachtúil é sa bhliain 2001, thugamar breis airde agus dháileamar sciar breise dár n-acmhainní ar thaighde - taighde in-tí agus taighde a ordaíodh go speisialta. Úsáideann an staidéar cainníochta ar leanaí óga i raon suímh luathfoghlama modheolaíocht taighde nuálaíoch agus tá sé ag spreagadh suime i measc taighdeoirí go ginearálta, chomh maith leo siúd le suim acu in oideachas sa luathóige. Tá an obair atá ar bun ag an Institiúid Eacnamaíochta agus Sóisialta chun féachaint ar thaithí an dalta sa tsraith shóisearach den chóras iarbhunoideachais tar éis teacht ar thorthaí suimiúla agus bhí sé ina ábhar cainte ag daoine atá ag obair i bpleanáil polasaí, agus ón bpobal go ginearálta. Bhí an t-athbhreithniú ar threochtaí idirnáisiúnta sa mhatamaitic iarbhunscoile ina fhócas ag na meáin agus ag an bpobal araon. Bhí áthas orainn go rabhamar ábalta tarraingt san obair seo ar thaighdeoirí Éireannacha ag obair thar lear a chomhoibrigh lena gcomhghleacaithe sa bhaile. Bímid ar an airdeall i gcónaí i ngach cuid den obair thaighde a dhéanaimid nach bhfuil i gcomhlánú an staidéir ach cuid den phróiseas. Is minic a bhíonn sé ina dhúshlán níos deacra na torthaí a úsáid inár gcuid oibre chun tacaíocht a thabhairt don chóras oideachais den scoth sin atá mar sprioc againn a bhaint amach, agus is dúshlán leanúnach é sin.

Le cúpla bliain anuas, is fiú a nótáil go raibh comhdhálacha leis an gComhairle don Churaclam, Scrúduithe agus Measúnacht, Tuaisceart Éireann (CCEA) áit a roinneamar agus a d'fhorbraíomar ár spriocanna oideachais agus taighde d'oideachas ar an oileán seo. Bhain gach páirtí leas as seo agus, leis an gcomhthionscadal ar dhaltaí sár-chumasach ar siúl faoi láthair, níl baol don todhchaí.

Tagann téarma oifige na Comhairle seo chun deiridh go luath sa bhliain 2006. Is mian liom buíochas faoi leth a ghlacadh le foireann na CNCM, faoi stiúr an Phríomhfheidhmeannaigh Anne Looney agus na Leas-Príomhfheidhmeannach John Hammond agus Sarah Fitzpatrick, as an mbealach inar láimhseáil siad agus inar chuir siad obair na CNCM chun cinn ar bhonn díograiseach, gairimiúil thar an tréimhse seo. Luigh siad ar fad isteach ar an obair agus ar an bplean straitéiseach leagtha amach do na blianta sin. Bhí sé d’ádh orm mar Chathaoirleach a bheith ag obair leis an úafás comhaltaí díograiseacha Comhairle ag déanamh ionadaíochta do gach páirtí san oideachas. Gabhaim mo bhuíochas ó chroí leis an dá Leas-Chathaoirleach, Tom Gilmore agus Ferdia Kelly a bhí chomh dílis sin don earnáil oideachais agus a threoraigh mé gan teip le blianta beaga anuas. Is mo ghuí é go leanfaidh an CNCM agus an Chomhairle ar aghaidh ag freastal ar oideachas sa tír seo le díograis, le cumas agus le fonn sna blianta amach rompu.



An Dr. Catherine O’Brien

Cathaoirleach



# Réamhrá

Sainíodh an bhliain 2005 toisc roinnt éachtaí ard-phróifíle bainte amach ag an gComhairle. Cuireadh an chéad chéim d'Athbhreithniú an Churaclaim Bhunscoile i gcrích agus scaipeadh na torthaí chuig gach múinteoir bunscoile a athdhírigh aird gach duine a chreid go raibh forbairt an Churaclaim Bhunscoile 1999 críochnaithe ar fad. Bhí freagra tapaidh na gceisteanna a aithníodh an-suntasach. Aithníodh na dúshláin i bpleanáil don Bhéarla i dtuarascáil athbhreithnithe agus measadh roinnt réitigh, forbraíodh Ábhar Breise Tacaíochta agus seoladh chuig gach múinteoir é – baineadh é seo ar fad amach laistigh de shé mhí. Éacht mór é seo d'fhoireann na CNCM agus do na coistí agus grúpaí oibre a thugann tacaíocht d'obair ar bun. Is dinimic nua é seo dár gcuid oibre, cruthaíonn sé súilíochtaí nua de thimthriall beartais a thugann freagra níos tapúla san oideachas. Ag féachaint ar aghaidh go 2006-2008, is léir gur dúshlán leanúnach a bheidh ann na súilíochtaí nua seo a bhaint amach.


Is fiú a thabhairt faoi deara gur comhlánaíodh an chomhairle ar athchóirithe sa tsraith shinsearach agus is cinnte gurb é sin an ghné d'obair na comhairle is mó a spreag suim an phobail agus ráitis ó na meáin. Ba é freagra an Aire Oideachais agus Eolaíochta Mary Hanafin T.D. i Mí Iúil, agus a tacaíocht don churaclam agus do na hathchóirithe measúnachta molta, a chuir tús le céim nua oibre don CNCM, a bhí faoi lán seoil ag deireadh na bliana 2005.

Ar deireadh, is mian liom *info@ncca* a lua, is é seo an nuachtlitir nua do mhúinteoirí a cuireadh ar fáil - as Béarla agus as Gaeilge- i seomraí foirne na mbunscoileanna agus na hiarbhunscoileanna i Meán Fómhair na bliana 2005. In ionad na hiar-nuachtlitreach corparáidí *Comhairle*, tá an foilseachán nua dírithe ar an múinteoir mar fhorbróir curaclaim agus mar ghníomhaire athraithe. Beidh an dara eisiúint sna scoileanna go luath sa bhliain 2006.

Ní fhéadfaí aon chuid den obair seo nó aon cheann de na héachtaí sonraithe sa Tuarascáil Bhliantúil a bhaint amach gan dúthracht agus tiomantas na foirne faoi cheannaireacht John Hammond agus Sarah Fitzpatrick.

Is mian liom aitheantas a thabhairt do chomhaltaí na Comhairle, as an bhfonn oibre agus an tacaíocht a léirigh siad go seasta thar an téarma oifige de thrí bliana don chomhpháirtíocht shainiúil atá ina bhunchloch ag obair na CNCM.

Bhí sé seo amhlaidh toisc scil agus taidhleoireacht an Chathaoirligh, an Dr. Catherine O'Brien, a thug tacaíocht go seasta don fhoireann agus d’obair na Comhairle in ainneoinn a sceidil ghnóthaigh acadúil féin.



An Dr. Anne Looney

Príomhfheidhmeannach

# 1. Ról na CNCM

Is Comhairle reachtúil é an CNCM agus is é an gnó atá ag an gComhairle ná comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta ar ábhair a bhaineann:

- leis an gcuraclam d'oideachas don luathóige, do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna,

*agus*

- leis na modhanna measúnachta a úsáidtear i scoileanna agus i scrúduithe ar na hábhair atá mar chuid den churaclam.

Féadfar feidhmeanna na Comhairle Reachtúla faoi théarmaí an Acht Oideachais,1998, a choimriú faoi dhá cheannteideal déag:

1. Athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar an gcuraclam do scoileanna, nó ar chuid den churaclam sin, agus ar na siollabais a mhúintear agus comhairle a chur ar an Aire
2. Comhairle a chur ar an Aire maidir le modhanna oiriúnacha chun éifeachtúlacht an oideachais a mheasúnú, le béim faoi leith ar na meicníochtaí lenar féidir daltaí a mbíonn deacrachtaí acu a n-acmhainneacht a bhaint amach a aithint a luaithe agus is féidir, agus cúnamh a thabhairt dóibh
3. Comhairle a chur ar an Aire maidir le straitéisí a chabhróidh le daltaí aistriú rathúil a dhéanamh ón mbunscoil go dtí an iarbhunscoil
4. Comhairle a chur ar an Aire go trémhsiúil faoi na caighdeáin eolais agus na scileanna ar chóir do dhaltaí ag aoisleibhéil éagsúla a bhaint amach agus faoi na meicníochtaí chun gnothú na gcaighdeán sin a mheasúnú, ag tabhairt airde ar chaighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar dheachleachtas i ndáil leis an measúnú sin

5. Athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar riachtanais oiliúna inseirbhíse na múinteoirí, chomh maith leis na riachtanais a thagann aníos as curaclaim nua, ábhair nua, nó siollabais nua a thabhairt isteach chuig scoileanna, agus comhairle a chur ar an Aire maidir leis na riachtanais sin

6. Comhairle a thabhairt don Aire maidir leis na riachtanais, ó thaobh curaclaim agus siollabas de, atá ag daltaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

7. Comhairle a chur ar an Aire faoi straitéisí a bhfuil mar sprioc acu feabhas a chur ar éifeachtúlacht mhúineadh agus úsáid na Gaeilge i scoileanna

8. Airgead agus sócmhainní uile na Comhairle a chothú, a bhainistiú, a riaradh agus a infheistiú

9. Taighde agus forbairt san oideachas a chothú agus a leithéid de thaighde agus d'fhorbairt a dhéanamh nó a choimisiúnú más cuí lena spriocanna agus lena feidhmeanna

10. Rochtain ar chomhchéim ar oideachas go ginearálta, agus ar theagasc in aon ábhar faoi leith, a chothú idir daltaí fireannacha agus baineannacha

11. Tabhartais airgid, talún nó maoine eile a ghlacadh ar cibé iontaobhais agus coinníollacha, más ann, a shonróidh na deontóirí

12. Gach aon ghníomh agus rud a dhéanamh is a bheadh ag teastáil chun spriocanna na Comhairle a chur chun cinn, lena n-áirítear feidhmeanna maidir le hathbhreithniú agus athchóiriú an churaclaim i scoileanna agus le measúnú torthaí an oideachais a chuirtear ar fáil sna scoileanna, de réir mar a chinnfidh an tAire ó am go ham.

## 2. Comhaltas na Comhairle

Is struchtúr ionadaíochta é Comhairle na CNCM a gcinneann an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar a comhaltas. Tá cúig chomhalta is fiche san iomlán ann. Tagann na comhaltaí ó na comhlachtaí éagsúla atá ionadaitheach do mhúinteoirí, bainisteoirí scoile, tuismitheoirí, fostóirí, ceardchumainn agus leasa san oideachas. Ar na comhaltaí eile tá ionadaithe ón Roinn Oideachas agus Eolaíochta agus ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, agus daoine ainmnithe ag an Aire. Is é seo a leanas comhaltas na Comhairle don tréimhse cumhdaithe ag an tuarascáil bhliantúil seo:

| | |
|---|---|
| An Dr. Catherine O'Brien | Cathaoirleach |
| Tom Gilmore | Leas-Chathaoirleach |
| Ferdia Kelly | Leas-Chathaoirleach |
| An tSr. Catherine Prendergast | Ainmní an Aire |
| Eilís Humphreys | Comhchoiste na mBainisteoirí |
| John McKay (go dtí 30 Meitheamh) | Cumann Ghairmoideachais na hÉireann |
| Paddy Murchan | Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha |
| An Dr. Kenneth Milne | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann |
| Antoinette Buggle | Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta in Oideachas Speisialta |
| John White | Cumann na Múinteoirí Meánscoile, Éire |
| Michael Freeley | Cumann na Múinteoirí Meánscoile, Éire |
| John MacGabhann | Aontas Múinteoirí Éireann |
| Sean Daly | Aontas Múinteoirí Éireann |
| Catherine Byrne | Cumann Múinteoirí Éireann |
| Sheila Nunan | Cumann Múinteoirí Éireann |
| An Dr. Eugene Wall | Cónaidhm na dTeagascóirí Ollscoile in Éirinn |

| | |
|---|---|
| Frank Turpin | Cónaidhm Fostóirí agus Lucht Gnó na hÉireann |
| Oliver Donohoe | Comhar Ceardchumann na hÉireann |
| Tomás Ó Séaghdha, Uas. (go dtí 3 Márta) | Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha |
| Mary Mullarkey | |
| Fionnuala Kilfeather | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Bunscoil |
| Marian Lyon | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí, Iar-Bhunscoil |
| Heino Schonfeld | Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige |
| Seosamh Mac Donncha, Uas. | Foras na Gaeilge |
| Aidan Farrell | Coimisiún na Scrúduithe Stáit: |
| Doreen McMorris | An Roinn Oideachais agus Eolaíochta |

## 3. Obair na Comhairle

Tá an Chomhairle freagrach as forbairt agus roghnú beartais na CNCM agus is ar an mbonn sin a chuireann sí comhairle ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Le linn an beartas seo a fhorbairt, téann an Chomhairle i gcomhchomhairle go forleathan lena comhchomhlachtaí agus le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí eile a bhfuil leas acu san oideachas.

Tá an chumhacht ag an gComhairle a leithéid de struchtúir inchumasaithe is a mheasann sí a bheith riachtanach a chur i bhfeidhm. Is éard atá sna coistí speisialtóireachta ná ionadaithe múinteoirí, ionadaithe ó Chigireacht na Roinne Oideachais agus Eolaíochta agus ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ionadaithe ó chomhlachtaí bainistíochta scoile, cumainn thuismitheoirí agus ábhair, leasa breis oideachais agus ardoideachais agus ionadaithe gnó agus tionscail. Imríonn na coistí ról lárnach i siollabas nó cúrsa a chur le chéile do gach ábhar nó gach cuid den churaclam.

Tuairiscíonn na coistí chuig an gComhairle agus cuireann an Chomhairle comhairle ar an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

# 4. Foireann

Tá foireann feidhmiúcháin lánaimseartha ag an CNCM faoina Príomhfheidhmeannach, an Dr. Anne Looney. Faigheann na baill foirne lánaimseartha cabhair ó roinnt Oifigeach Oideachais páirtaimseartha atá ina saineolaithe ábhair agus atá ceaptha ar bhonn iasachta nó ar bhonn coimisiúin don CNCM ar feadh tréimhse áirithe ama.

## Seo a leanas baill foirne na CNCM don bhliain 2005:

An Dr. Anne Looney, Príomhfheidhmeannach
John Hammond, Leas-Phríomhfheidhmeannach
Lucy Fallon-Byrne, Leas-Phríomhfheidhmeannach[1]
An Dr. Sarah FitzPatrick, Leas-Phríomhfheidhmeannach[2]

## Stiúrthóirí, Curaclam agus Measúnacht

Bill Lynch
Peter Johnson
Hilary Roche
Arlene Forster
Majella O'Shea
Margaret O'Donnell[3]

## Riarachán

Paul Brady, Príomhoifigeach Cúnta
Tom Fagan, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin
Jackie O'Brien, Oifigeach Feidhmiúcháin
Deirdre Mitchell, Oifigeach Cléireachais (go dtí 8 Aibreán)
Morgan Lockhart, Oifigeach Cléireachais
Jason Keogh, Oifigeach Cléireachais
Edward Canavan, Oifigeach Cléireachais
Arlene Foy, Oifigeach Cléireachais (ón 7 Aibreán)
John Connors, Oifigeach Seirbhísí
Maureen Whyte, Oifigeach Seirbhísí
Christine Ryan, Comhordaitheoir Acmhainní

[1] Bhí Ms. Fallon-Byrne ar iasacht mar Stiúrthóir na Comhairle Náisiúnta Páirtíochta agus Comhlíonta (CNPC)

[2] Tá an post seo á chomhlíonadh ag Dr. FitzPatrick ar bhonn sealadach in áit Lucy Fallon-Byrne.

[3] Tá an post seo á chomhlíonadh ag Ms O'Donnell ar bhonn sealdach in áit Dr. Fitzpatrick

## Oifigigh Oideachais

Cathal de Paor
Emer O'Connor
Hal O'Neill
John Halbert
Sean Bracken (go dtí 9 Meán Fómhair)
Anne Moloney
Mary O'Leary
Margaret Maxwell (ó 1 Feabhra)
Eibhlín Ní Scannláin (ó 7 Aibreán)
Dr. Pat Naughton (ó 1 Meán Fómhair)

## Oifigigh Tionscadail (ó 1 Meitheamh)

Silvia Bertoni, Íodáilis (go 31 Deireadh Fómhair)
Ursula Zimmermann, Seapáinis
Patricia Leavey, Foilseacháin

## Fostaíodh na hOifigigh Oideachais seo a leanas ag an CNCM ar bhonn pháirtaimseartha nó ócáideach:

**Oideachas Luath-Óige agus Oideachas Bunscoile**

Regina Murphy, Oideachas sna hEalaíona: Ceol
Paul Brennan, Oideachas sna hEalaíona: Drámaíocht agus Measúnacht
Gwendoline Baker, Oideachas Luathóige
Frances Murphy, Corpoideachas
Anne Bermingham, Athbhreithniú ar an gCuraclam Bunscoile
Karin Bacon, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE): Tíreolaíocht
Geraldine O'Connor, Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (SESE): Stair

Oideachas Iar-Bhunscoile

Frank Mc Gourty, Eolaíocht Talmhaíochta
Noel O' Neill,Staidéar Foirgníochta/Teicneolaíocht Ailtireachta
An tSr. Enda Mc Mullen, Ealaín
John Lucey, Bitheolaíocht
Celine McGuinness, Gnó
An Dr. Jim McCarthy, Ceimic
Brian Farley, Ábhair Chlasaiceacha
Pat Younger, Eacnamaíocht
Pat Lynch, Innealtóireacht
An Dr. Muiris Ó Laoire, Gaeilge
Diarmaid Ó Murchú, Gaeilge
John Mulcahy, Tíreolaíocht
Vivian Cassells, Treoir
John Dredge, Stair
Colette Brophy, Eacnamaíocht Bhaile
Susan Dennison, Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh
Tom Nelson, Ardteistiméireacht Fheidhmeach
Peter Tiernan, Matamaitic
John McCarthy, Nuatheangacha
Seán Mac Liam, Ceol
Michael Halton, Fisic/Ceimic (le chéile)
Annette Honan, Oideachas Reiligiúin, agus Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Idirchultúrachas
Geraldine Horgan, Eolaíocht
Bríd Kennedy, Riachtanais Speisialta Oideachais
Ger Halbert, Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)
Cahil Doherty, Grafaic Theicniúil/Líníocht Theicniúil
Paddy Keays, Teicneolaíocht

## 5. Airgeadas

Maoinítear an CNCM ag an Státchíste tríd an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (DES). Ba é an leithdháileadh a bhí aige don bhliain 2005 ná €4.079m.

Clúdaíonn an t-airgead leithdháilte chuig an CNCM

- tuarastail foirne
- costais a bhaineann le hiasacht agus coimisiúnú foirne speisialtóireachta chun tacaíocht a thabhairt d'obair na Comhairle

- forbairt ghairimiúil
- foilseacháin lena n-áirítear profú, dearadh, grianghrafadóireacht, clódóireacht agus aistriúchán
- taighde
- costais chruinnithe na Comhairle agus a bhfochoistí lena n-áirítear áiseanna comhdhála a fháil ar cíos agus costais taistil agus chothabhála
- costais riaracháin cosúil le cothabháil agus trealaimh oifige, stáiseanóireacht, postas, teileafón, cíos, soilsiú agus teas
- costais a bhaineann le comhdhálacha agus imeachtaí na CNCM
- cothabháil agus forbairt TF
- idirghníomhaíocht idirnáisiúnta lena n-áirítear táillí ballraíochta eagraíochtaí idirnáisiúnta mar Cuibhreannas Institiúidí um Fhorbairt agus Thaighde in Oideachas san Eoraip (CIDREE) agus an Cumann um Mheasúnacht Oideachais – an Eoraip (AEA)
- fógraíocht.

Mhaoinigh an ROE poist d'Oifigigh Oideachais do TFC (2) agus Nuatheangacha, Bunscoile. D'aistrigh an ROE €163,809 chuig an gComhairle freisin chun tuarastail agus costais fheidhmíochta trí Oifigigh Thionscadail a athfhostaíodh chuig an CNCM ón Iar-Institiúid Theangeolaíochta na hÉireann (ITÉ).

## Deontais Bhreise agus Táillí Breise Faighte

I Mí na Nollag, 2005 thug an ROE deontas breise €270,000 agus seo miondealú an airgid sin:

(i) €50,000 i dtreo an chostais Oifigigh Oideachais a cheapadh d'Oideachas na Sraithe Sinsearaí (Eolaíocht) agus d'Oideachas do Leanaí faoi Choimeád agus faoi Chúram Ardtacaíochta agus

(ii) €220,00 as scaipeadh na treoirlínte do mhúinteoirí daltaí Faoi Bhac Ginearálta Foghlama.

Chuir Foras na Gaeilge deontas de €48,000 ar fáil chun Oifigeach Oideachais don Ghaeilge a cheapadh.

Thug an tAonad Comhoibrithe Thuaidh Theas, ROE, deontas de €19,000 mar chuid de mhaoniú ar chomhchomhdháil leis an CCEA (An Chomhairle do Churaclam, Scrúduithe agus Measúnacht, Tuaisceart Éireann).

Chuir Forbairt Chomhoibrithe na hÉireann deontas de €18,259 ar fáil do thionscadal ar dheiseanna d'oideachas forbartha sa tsraith shinsearach a leagan amach.

Fuair an Chomhairle €50,000 ón Roinn Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i ndáil le tairiscint chun inniúlacht áitiúil a fhorbairt chun tacú le hoideachas idirchultúrtha sna bunscoileanna.


Tá ráiteas mionsonraithe airgeadais ar fáil san Aguisín.

# 6. Ag tacú le spriocanna ardleibhéil 2005

## Sprioc Ardleibhéil 1

ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH A DHÉANAMH AR CHURACLAM AGUS AR MHEASÚNACHT A CHUIRFIDH LE HEISPÉIRIS FHEABHSAITHE FOGHLAMA D'FHOGHLAIMEOIRÍ AGUS LE FORBAIRT LEANÚNACH AN CHÓRAS OIDEACHAIS.

### Oideachas Luath-Óige



**Creat don Luathfhoghlaim**

San Earrach 2005, chuir an CNCM a comhchomhairliúchán leis an earnáil luathóige ar fhorbairt an *Chreata don Luath-Fhoghlaim* i gcrích, faoi mar atá curtha i láthair ina doiciméad comhchomhairliúcháin, *I dTreo Creata don Luath-Fhoghlaim* (2004).

Agus anailís á déanamh ar an eolas bailithe trí chomhcomhairliúchán, d'aithin an CNCM impleachtaí do chur i bhfeidhm an Chreata, maille le himpleachtaí don earnáil luathóige níos leithne. Chuir an CNCM na torthaí ón gcomhchomhairliúchán i láthair mar aon leis na himpleachtaí seo san fhoilseachán *I dTreo Creata don Luath-Fhoghlaim:Tuarascáil Chomhchomhairliúcháin Dheiridh*. Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM.

Bunaithe ar thorthaí an chomhcomhairliúcháin, chuir an CNCM tús le trí shnáithe oibre agus an Creat á fhorbairt acu.

- Comhchodanna an Chreata
  Rinne an CNCM forbairt ar phlean mionsonraithe oibre chun comhchodanna éagsúla an Chreata a chur i gcrích. Cuireadh obair ar na Téamaí chun cinn. D'fhorbraíodh aidhmeanna laistigh de Théamaí an Chreata (Dea-Bhraistinte, Féiniúlacht agus muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus smaointeoireacht) trí spriocanna agus eispéiris foghlama a úsáid. Le chéile, cuirfidh na téamaí ábhar luathfhoghlama agus forbartha an linbh i láthair agus cuirfear smaointe ar fáil do dhaoine fásta le haghaidh gníomhaíochtaí agus idirghabhálacha chun a gcuid oibre leis na leanaí a shaibhriú agus a chur chun cinn.

- Staidéar portráidíochta
  Ag tarraingt ar na torthaí ón gcomhchomhairliúchán, dhear an CNCM staidéar portráidaíochta chun tacú lena cuid oibre sa *Chreat don Luath-Fhoghlaim* a fhorbairt. Baineann portráidaíocht le taifeadadh a dhéanamh agus tuiscint a fháil ar pheirspeictíochtaí agus eispéiris na rannpháirtithe i suímh faoi leith.

  Cuirfear an staidéar portráidíochta i gcrích faoin bhFómhar 2006.

- Páipéir ghearra
  D'aithin an CNCM trí pháipéar gearra atá le forbairt chun an teoiric agus an taighde a chuireann leis an *gCreat don Luath-Fhoghlaim* a achoimriú:

  i. Luathfhoghlaim agus forbairt leanaí: Céard a deir an taighde

  ii. Cúram agus oideachas: Conas a thuigtear iad seo agus conas a chuirtear i láthair laistigh den Chreat iad

  iii. Ag tacú le Luathfhoghlaim agus forbairt leanaí tríd an modh measúnachta.

Cuirfear tús leis na páipéir seo sa bhliain 2006.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an earnáil seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| San Oideachas Luath –Óige agus Bunscoile déanfaidh an CNCM<br><br>- cáipéis comhchomhairleach a fhorbairt *I dTreo Creata don Luath-Fhoghlaim* chun cur le creat a thabharfaidh tacaíocht don luathfhoghlaim ón mbreith go sé bliana d'aois. | • Cáipéis chomhairleach a fhoilsiú.<br><br>• Comhchomhairle leis an earnáil luathóige.<br><br>• Creat don luath-fhoghlaim a fhorbairt. | Críochnaithe<br><br>Críochnaithe<br><br>Ar siúl* |

*Mar fhreagairt ar iarratas ón earnáil luathóige, leathnaíodh an scála ama don phróiseas chomhchomhairliúcháin bunaithe ar an gcáipéis comhchomhairleach, *I dTreo Creata don Luath-Foghlaim (2004)* chun freastal ar chomhchomhairle agus rannpháirtíocht níos leithne.

## Fócas ar Thaighde: An Staidéar Portráidaíochta

Mar chuid dá cuid oibre i bhforbairt an Chreata don Luath-Fhoghlaim déanfaidh an CNCM staidéar portráidaíochta i roinnt suímh luathóige. Déantar cur síos ar phortráidaíocht (Lawerence-Lightfoot agus Hoffman Davis, 1997) mar seo, péinteáil le focail. Is éard atá i gceist leis ná taifeadadh agus tuiscint a fháil ar pheirspictíochtaí agus ar eispéiris rannpháirtithe i suímh faoi leith. Is é cuspóir an staidéir seo ná portráidí de leanaí (babaithe, lapadánaithe agus leanaí óga) a fhorbairt i suímh luathóige. Trí éisteacht leis na leanaí, labhairt leo agus a n-eispéiris laethúla a roinnt leo sna suímh, beidh tuiscint níos fearr ag an CNCM ar eispéiris na leanaí sna suímh: Céard a thaitníonn le leanaí, cá háit a thaitníonn leo a bheith, cé leis is mian leo a bheith, céard a d'athródh siad sna suímh agus mar sin de. Cabhróidh an t-eolas seo leis an CNCM chun a chinntiú go bhfuil an Creat ábharthach i gcomhthéacs na hÉireann agus ar an mbealach seo, go bhfuil sé úsáideach agus lán de bhrí do gach leanbh agus duine fásta san earnáil luathóige.

Tacóidh an staidéar portráidíóchta le forbairt CNCM ar an gCreat don Luath-Fhoghlaim ar chúpla slí. Cabhróidh sé leis an CNCM chun

- ionadaíocht a dhéanamh do ghuthanna agus eispéiris leanaí sa Chreat
- seiceáil ar leithne agus ar dhoimhneacht théamaí an Chreata (Dea-Bhraistinte, Féiniúlacht agus muintearas, Cumarsáid, agus Taiscéalaíocht agus smaointeoireacht)
- eiseamláirí de dhea-chleachtais ar fud an earnáil luathóige a chuirfear san áireamh sa Chreat
- taifeadadh a dhéanamh ar dhea-chleachtais na gcleachtóirí i bpleanáil do agus leathnú agus saibhriú agus measúnú foghlaim agus forbairt leanaí.

Dhá thoradh eile a bheidh ar an staidéar ná go dtiomsófar portráidí leanaí agus páipéar a dhéanann cur síos ar an bpróiseas staidéir, agus a thugann na nithe tábhachtacha foghlamtha ó obair na CNCM chun suntais, agus an Creat á fhorbairt acu. Tá sé ar intinn ag an CNCM na hábhair dheiridh seo a chur ar fáil ar a láithreán gréasáin i bhFómhar/Geimhreadh na bliana 2006.

**Éisteacht ghníomhach**

Tá an staidéar portráidaíochta faoi éisteacht amach do scéalta na leanaí. Chun a chinntiú go mbeadh na leanaí ina rannpháirtithe gníomhacha agus go roinnfeadh siad eolas sa phróiseas éisteachta, d'úsáid an CNCM smaointe as creat RAMPS (Mayall, 1994) agus an staidéar á dhearadh acu:

- Na teangacha uile racharcacha agus béil a úsáideann leanaí chun iad féin a chur in iúl a aithint
- Spás a chur ar leataobh do cháipéisíocht agus aiseolas
- Am a chur ar leataobh chun eolas ábharthach a thabhairt do leanaí, eolas a dhéanfadh ciall dóibh agus a dhíríonn ar na rudaí a theastaíonn uathu a fháil amach ionas gur féidir leo cinntí stuama a dhéanamh
- Rogha a sholáthar
- Teacht le cleachtas machnamhach.

Ba chóir go gcinntóidh úsáid an chreata seo go bhfuil cothromaíocht na cumhachta i gcumarsáid agus tuiscint eispéireas ag luí i dtreo na leanaí. Ba chóir go dtacódh sé seo le forbairt phortráidí a léireoidh fíor-éispéiris leanaí sna suímh níos críochnúla.

**Modhanna chun bailiúchán agus anailís a dhéanamh ar eolas**

Ag tarraingt ar an gCur Chuige mósáice (Clark agus Moss,2001) úsáidfaidh an CNCM réimse modheolaíochtaí samhlaíocha chun fáil amach céard atá ar intinn leanaí, céard iad a n-eispéiris agus conas a dhéanann siad cumarsáid gan brath ar an bhfocal labhartha no scríofa. San áireamh sna modhanna seo tá

- Breathnóireacht (ag an CNCM)
- Grianghrafadóireacht ( de leanaí agus ag leanaí)
- Taifeadadh fuaime agus físe ( de leanaí agus ag leanaí)
- Comhdháil leanaí
- Turais súilóide agus léarscáileanna a dhéanamh (leis na leanaí mar threoraithe).



## Athbhreithniú ar an gCuraclam Bunscoile

### Tuarascáil deiridh

Foilsíodh torthaí ón gcéad chéim den Churaclam Bunscoile (1999) san *Athbhreithniú Bunscoile, Céim 1: Tuarascáil Deiridh* (2005), ar fáil ar shuíomh idirlín na CNCM. Rinneadh coimriú ar thorthaí freisin agus cuireadh i láthair iad in airteagail do nuachtlitreacha eagraíochtaí éagsúla, lena n-áirítear an INTO, IPPN, PCSP agus nuachtlitir na CNCM, *info@CNCM*.

### Seimineár

Chuir an CNCM agus an ROE a dtorthaí ó dhá staidéar ar an gCuracalm Bunscoile sna seomraí ranga i láthair i gcomhsheimineár um eolas a scaipeadh ar an 11 Bealtaine 2005. Ar an gclár oibre don lá sin bhí cur i láthair agus plé ar shé théama trasghearrthacha a aithníodh ó thorthaí athbhreithnithe na CNCM ar an gCuraclam Bunscoile agus ó mheastóireacht na ROE ar chur i bhfeidhm an churaclaim:

- Pleanáil
- Modheolaíochtaí
- Tuismitheoirí
- Difreáil
- Litearthacht agus uimhríocht
- Measúnacht

Foilsíodh tuarascáil ar imeachtaí an tseimineáir ar láithreán greasáin na CNCM agus scaipeadh é i measc gach duine a bhí i láthair.

### Leabhrán do scoileanna

Foilsíodh achoimre ar na torthaí a cuireadh i láthair ag an seimineár um eolas a scaipeadh san fhoilseachán *An Curaclam Bunscoile i Scoileanna: Léargais ón Meastóireacht ar Chur i bhFeidhm an Churaclaim agus ón Athbhreithniú ar an gCuraclaim Bunscoile* (2005) a eisíodh do gach múinteoir bunscoile. Tá an cháipéis seo ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM.

### Curaclam an Bhéarla: Ábhar Tacaíochta Breise

Mar fhreagra ar thorthaí ó mhúinteoirí san Athbhreithniú ar an gCuraclam Bunscoile, d'fhorbair an CNCM ábhar tacaíochta breise do Churaclam an Bhéarla. Thug múinteoirí chun suntais deacrachtaí a bhí acu le snáitheanna an Bhéarla a úsáid chun pleanáil agus múineadh a dhéanamh le Curaclam an Bhéarla. Chuir *Curaclam an Bhéarla: Ábhar Tacaíochta Breise* (2005) struchtúr eagraíochtúil eile ar fáil do Churaclam an Bhéarla a chuir snáithaonaid in ionad na snáitheanna. Tá an t-ábhar tacaíochta breise ann chun leas na múinteoirí a theastaíonn uathu Curaclam

an Bhéarla a phleanáil trí theanga béil, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Tá an cháipéis seo a eisíodh chuig gach múinteoir bunscoile ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| San Oideachas Luath-Óige agus Bunscoile déanfaidh an CNCM | • Foilsiú torthaí an athbhreithnithe ar an gcuraclam. | Críochnaithe |
| - athbhreithniú a thosú ar an gCuraclam Bunscoile chun freastal ar riachtanais na múinteoirí agus na leanaí maidir le tacaíocht bhreise agus treoirlínte in úsáid an Churaclaim Bunscoile. | • Moltaí a fhorbairt maidir le cur i bhfeidhm an Churaclaim Bhunscoile. | Críochnaithe |
| | • Treoirlínte breise a fhorbairt do mhúinteoirí ag úsáid an Churaclaim Bhunscoile. | Críochnaithe le obair bhreise ar siúl* |
| - clár a fhorbairt d'athbhreithniú leanúnach ar an gCuraclam Bhunscoile. | • Clár a fhorbairt d'athbhreithniú leanúnach ar an gCuraclam Bunscoile leagtha amach. | Críochnaithe |

* Thug torthaí an Athbhreithnithe ar an gCuraclam Bunscoile chun suntais go bhfuil gá ag múinteoirí le hábhar tacaíochta breise ar cheithre ghné dá gcuid oibre:

- Curaclam an Bhéarla: D'fhreagair an CNCM ar iarratas na múinteoirí ar ábhar tacaíochta breise faoi eagrú Churaclaim an Bhéarla.

- Baint na dtuismitheoirí le foghlaim a bpáistí: beidh tionscadal chun DVD a fhorbairt do thuismitheoirí faoi fhoghlaim a linbh leis an gCuraclam Bunscoile réidh go luath sa bhliain 2006.
- Modhanna múinteoireachta: beidh sé sin ina fhócas ag obair na CNCM sa bhliain 2006.
- Measúnacht: is cuid é seo de straitéis na CNCM do mheasúnú bunscoile, sonraithe go mion sa chéad chuid eile den tuarascáil seo.

### Tionscadal 'Phláinéid Aqua'

Ghlac an CNCM páirt i gCoiste Stiúrtha Phláinéid Aqua, comhfhiontar idir an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Baineann Pláinéad Aqua le hábhair a fhorbairt mar gheall ar chosaint na timpeallachta trí oideachas uisce, a thacaíonn leis an gCuraclam Bunscoile don Eolaíocht. Is tionscadal leanúnach é, arna urrú ag Coimisiún na hEorpa agus an Clár Féach ar Eolaíocht agus Innealtóireacht (Forfás).

## Measúnacht i mBunscoileanna

### Comhairle maidir le tástáil chaighdeánaithe i scolaíocht éigeantach

I Mí Iúil na bliana 2004, d'iarr an tAire Oideachais agus Eolaíochta ar an CNCM go n-aithneodh sí príomh-shaincheisteanna maidir le tástáil chaighdeánaithe na litearthachta agus na huimhríochta a chur i bhfeidhm i scolaíocht éigeantach, agus go gcuirfeadh sí an chomhairle chuí ar fáil. Cuireadh an chomhairle i láthair i gcáipéis in dhá chuid, *Tástáil Chaighdeánaithe i Scolaíocht Éigeantach*, agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM. Chuir an chéad chuid den cháipéis leagan amach na saincheisteanna i láthair maidir le tástáil chaighdéanaithe a thabhairt isteach i scolaíocht éigeantach. Phléigh an dara chuid cleachtais idirnáisiúnta agus cuireadh comhairle ar fáil maidir leis na chéad chéimeanna eile sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma. Eisíodh an chomhairle i Mí Aibreáin na bliana 2005.

D'fhreagair an tAire ar chomhairle an Chomhairle ar an 29ú lá de mhí an Mheithimh ag léiriú go rabhthas sásta ar an iomlán le comhairle na CNCM faoi na chéad chéimeanna eile sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma.



### Treoirlínte Measúnachta

Eisíodh an chomhairle chuig an Aire faoi thástáil chaighdeánaithe leis an dara cáipéis, *Measúnacht sna Bunscoileanna* (2005). Chuir sé seo eolas i láthair do scoileanna maidir le forbairt agus chur i bhfeidhm beartais ar mheasúnacht. Tá an cháipéis ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM.

Tá an CNCM ag cur obair i gcrích maidir le forbairt treoirlínte ginearálta do mhúinteoirí faoi mheasúnacht i mbunscoileanna, agus nuair a bheidh sé réidh, eiseofar chuig gach scoil é mar aon leis an gcáipéis faoi bheartas measúnachta scoile. Tá treoirlínte ginearálta faoi mheasúnacht ar réimsí áirithe ábhair á bhforbairt faoi láthair chomh maith.

### Teimpléid náisiúnta do thuairiscí scoile

Is é cuspóir na dteimpléad do thuairiscí scoile ná modhanna taifeadta agus tuairiscithe coitinne a thabhairt isteach chun tacú le scoileanna agus iad ag teacht lena bhfreagrachtaí chun tuairiscí a thabhairt do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí mar atá sonraithe san Acht Oideachais (1998). Ag an gcéad chéim den obair seo, thosaigh an CNCM ag forbairt páipéir chúlra faoi mhodhanna taifeadta agus tuairiscithe ar dhul chun cinn daltaí i ndlínsí eile. Táthar ag súil go mbeidh an páipéar seo réidh in Earrach na bliana 2006.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | *Stádas |
|---|---|---|
| San Oideachas Luath-Óige agus Bunscoile déanfaidh an CNCM<br>- forbairt ar mheasúnacht sa Churaclam Bunscoile a chur chun cinn. | • Ollráiteas a fhoilsiú faoi mheasúnacht sna bunscoileanna. | Críochnaithe |
| | • Treoirlínte ginearálta a fhoilsiú maidir le measúnacht a úsáid sa Churaclam Bunscoile. | Ar siúl* |
| | • Treoirlínte a fhorbairt in ábhair faoi leith sa Churaclam Bunscoile. | Ar siúl* |

*Ba ghá scála ama na hoibre seo a leathnú amach chun treoirlínte faoi thástáil chaighdeánaithe a thabhairt san áireamh.

## Teangacha sa churaclam bunscoile

### Teanga agus litearthacht i scoileanna lán-Ghaeilge

Seo a leanas na gnéithe sa tionscadal ar Theanga agus Litearthacht i scoileanna lán-Ghaeilge:

- Athbhreithniú ar litríocht faoi thabhairt isteach agus forbairt teanga agus litearthacht i suímh dhátheangacha, lena n-áirítear na hathraitheacha go léir d'oideachas tumtha agus d'oideachas um chothú teanga le tagairt faoi leith do bhunscoileanna lán-Ghaeilge.
- Teanga agus litearthacht i scoileanna lán-Ghaeilge: Cur síos ar chleachtas
  - Cáipéis chomhairliúcháin
  - Suirbhé ar líne
  - Iarratas ar aighneachtaí
  - Tuarascáil chomhairliúcháin.

Deonaíodh an conradh don athbhreithniú litríochta tar éis próiseas tairisceana agus táthar ag súil lena cur i gcrích san Earrach 2006.

Thosaigh an CNCM ag obair le sé scoil lán-Ghaeilge (Gaelscoileanna agus Scoileanna Gaeltachta) chun cur síos a fhorbairt ar chleachtas a bhaineann le teanga agus litearthacht a thabhairt isteach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Beidh an obair seo críochnaithe i Mí Feabhra 2006.

### Nuatheangacha i mBunscoileanna

Chuir an CNCM tús le dhá thionscadal píolótacha faoi Ábhar i bhFoghlaim Chomhtháite Teanga (CLIL) agus i bhFeasacht Teanga i rith na bliana 2005. D'eascair na tionscadail phíolótacha seo as an *Tuarascáil um Fhéidearthacht Nuatheangacha i mBunscoileanna* (2004) den CNCM. Tá an Tionscnamh um Nuatheangacha i mBunscoileanna (MLPSI) ag obair leis an CNCM chun tacaíocht a thabhairt do na tionscadail phíolótacha seo.

Táirgfear an tuarascáil ar na tionscadail phíolótacha i Mí an Mheithimh 2006. Cuirfidh an tionscadal seo leis an gcomhairle a soláthróidh an CNCM chuig an Aire Oideachais agus Eolaíochta sa bhliain 2007, tar éis chur i bhfeidhm an Churaclaim Bhunscoile, faoi nuatheangacha sna bunscoileanna.

### An Béarla mar theanga breise i mBunscoileanna na hÉireann

Tá dréacht-threoirlínte do mhúinteoirí do *Bhéarla mar theanga breise i mbunscoileanna na hÉireann* ar fáil anois ar láithreán gréasáin na CNCM. Tá siad á n-athdhréachtú tar éis comhcomhairle le múinteoirí a d'oibrigh leo ina seomraí ranga, agus aiseolas ó chúrsaí eagraithe ag an INTO i Mí Iúil 2005.



## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT)

### Páipéir chúlra ar TFC i gcuraclam agus measúnacht

Ar iarratas na Comhairle, ullmhaíodh trí pháipéar chúlra faoi ról TFC i gcuraclam agus measúnacht in Éirinn agus i ndlínsí eile. Críochnaíodh an chéad pháipéar, *TFC i scoileanna - Foramharc Cuid 1, Éire* i Mí Márta 2005. Rinne sé cur síos ar infheistíocht i TFC, rochtain ar TFC agus úsáid TFC chun tacaíocht a thabhairt don churaclam i gcomhthéacs na hÉireann. Críochnaíodh an dara páipéar, *TFC i scoileanna - Foramharc Cuid 2, Forbairtí Idirnáisiúnta* i Mí na Bealtaine 2005. Phléigh sé beartais TFC infheistíocht i TFC, rochtain ar TFC agus úsáid TFC chun tacaíocht a thabhairt don churaclam thar réimse dlínsí. Críochnaíodh an tríú pháipéar cúlra, *TFC, Múineadh agus foghlaim: Céard a insíonn taighde dúinn* i Mí na Samhna 2005. Bunaíodh é ar athbhreithniú ar thaighde ar an úsáid is féidir a bhaint as TFC chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoireacht agus foghlaim go hidirnáisiúnta. Cuireadh torthaí maidir le héifeachtúlacht TFC i dtacaíocht a thabhairt do mhúinteoireacht agus foghlaim i láthair sa pháipéar.

### Creat TFC: Cur chuige struchtúrtha i leith TFC sa churaclam agus i measúnacht

*Creat TFC a fhorbairt: Tá Cur chuige struchtúrtha i leith TFC sa churaclam agus i measúnacht* beagnach réidh. Aithníonn an Creat TFC saghasanna eagsúla d’eispéiris TFC (eolas, scileanna agus dearcaí) ó ranganna na naíonán go deireadh na sraithe sóisearaí nó oideachais éigeantaigh. Tá an Creat TFC á fhorbairt mar ghléas praiticiúil chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag pleanáil agus ag soláthar deiseanna do dhaltaí a scileanna litearthachta TFC a fhorbairt ar fud an churaclaim. Sa bhliain 2005, d’oibrigh an CNCM le líon beag múinteoirí chun eiseamláirí ilmheáin a fhorbairt ag léiriú an Chreata TFC thar an gcuraclam bunscoile agus iarbhunscoile. Forbrófar eiseamláirí eile agus uirlísí pleanála eile sa bhliain 2006.

### Litearthacht agus TFC

Is comhpháirtí é an CNCM sa chomhthionscadal seo leis an NCTE agus an PCSP chun tacaíocht a thabhairt do litearthacht i mbunscoileanna trí TFC a úsáid. Cuireadh tús leis an tionscadal dhá bhliana i Meán Fómhair 2005 le cruinnithe tosaigh leis na scoileanna rannpháirteacha. Is tionscadal forbraíochta é (dearadh é chun tacú le forbairt an churaclaim) agus tá sé bunaithe ar thaighde (deartha chun eolas a ghiniúint ar eispéiris mhúinteoirí atá ag úsáid TFC chun tacaíocht a thabhairt do litearthacht i mbunscoileanna).

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Tionscadail atá ag teacht le Curaclam na Bunscoile agus a bhfuil ag brath ar thorthaí d'Athbhreithniú an Churaclaim Bhunscoile a bhunú agus a fhorbairt. | • Creat a fhorbairt d'fhoghlaim le TFC i gCuraclam na Bunscoile. | Ar siúl* |
| | • Treoirlínte ginearálta a fhoilsiú le húsáid sa Churaclam Bunscoile. | Críochnaithe |

*Tá forbairt an Chreata TFC ag teacht chun deiridh. Leathnaíodh amach an obair seo thar an dá léibhéal gnóthachtála ag críoch an oideachais bhunscoile, chun an tríú leibhéal gnóthachtála a chur san áireamh a bheith cothrom le críoch oideachas na sraithe sóisearaí.

## Athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach



Ationóladh coistí cúrsaí i gcúig ábhar den Teastas Sóisearach (Ealaín, Ceardaíocht, Dearach Staidéar Imshaoil agus Sóisialta, Gaeilge, Tíreolaíocht agus Matamaitic) in 2005 chun a siollabais féin a athchothromú do theimpléad coitianta agus chun dul i ngleíc le forluí agus forualach. Reáchtáladh seimineár i mí an Mheithimh 2005 chun ina baill coistí a chur ar an eolas faoin tasc agus chiun an chéim seo den tionscnamh a sheoladh. Críochnaíodh tuarascálacha ar gach ábhar agus tiomsaíodh doiciméad cumaisc. Cuirfear an doiciméad seo, lena n-áirítear na tuarascálacha de chéim níos luaithe den obair, i láthair na Comhairle in2006.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Déanfaidh an CNCM<br><br>- na gnéithe den athbhreithniú ar an tsraith shóisearach a bhfuil tosaíocht acu a chur chun cinn, agus na saincheisteanna maidir le forualach agus forluí san áireamh; an raon de chur chuige measúnachta in úsáid a leathnú; agus tabhairt faoi athbhreithniú agus forbairt siollabais mar is cuí. | • Forbairt agus cur i bhfeidhm teimpleád coitianta do shiollabais na sraithe sóisearaí.<br><br>• Lámhleabhar a fhoilsiú chun foramharc a thabhairt ar churaclam na sraithe sóisearaí. | Teimpleád réidh i gcás deich gcinn de na hábhair. Cuirfear an teimpleád i bhfeidhm ar ábhair eile ar bhonn céimnithe.<br><br>Ar siúl* |

* Foilseofar an lámhleabhar nuair a bheidh an teimpléad curtha i bhfeidhm ar gach ábhar.

## Measúnacht sa tSraith Shóisearach

### Measúnú chun Foghlama (McF)

Críochnaíodh Céim 2 den tionscnamh agus ullmhaíodh tuarascáil i Mí Dheireadh Fómhair 2005 agus foilsíodh ar láithreán gréasáin na CNCM í. Tugadh chun suntais sa tuarascáil an t-aiseolas táirgthe ag múinteoirí faoin méid is féidir le McF a chur le tuairisciú níos éifeachtaí do dhaltaí agus do thuismitheoirí.

Cuireadh tús leis an tríú céim den tionscnamh seo i Meán Fómhair 2005. Is príomhghné é den McF spriocanna a roinnt le daltaí agus is é fócas na céime seo ná tacaíocht a sholáthar do bhreithiúnas múinteoirí i ndáil leis seo. Chun na críche seo tá taisce d'obair dhaltaí á chur le chéile ag foirne eagarthóireachta múinteoirí thar raon de réimsí ábhair sa tsraith shóisearach. Beidh tráchtaireacht ó mhúinteoir le gach eiseamláir le béim faoi leith ar chomhairle do dhaltaí faoi na céimeanna ar gá dóibh a ghlacadh chun feabhas a chur ar a gcuid oibre.

### Measúnacht sa Tionscadal Corpoideachais

I gcomhoibriú leis an tSeirbhís Tacaíochta do Chorpoideachas sa tSraith Shóisearach, tá grúpa de 20 múinteoir ag obair ar fhorbairt agus triall a bhaint as cur chuige múnlaitheach measúnachta agus is í a haidhm ná creataí pleanála modúl agus ceachta a fhoilsiú le gléasanna measúnachta.

### Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) - Tionscadal eRAP

I Meán Fómhair 2005 cuireadh tús le comhthionscadal CNCM/NCTE chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid TFC in ullmhú agus cur i láthair Thuarascáil OSSP ar an Tionscadal Gníomhaíochta (RAP) do scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Baineann an tionscadal seo le ceithre iarbhunscoil i gceantar na Saoirse i mBaile Átha Cliath agus trí scoil eile i mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. D'fhreastail múinteoirí a bhí ag glacadh páirte ar laethanta um fhorbairt ghairimiúil faoi úsáid TFC san OSSP le béim faoi leith ar úsáid físe digiteach chun an *ghníomhaíocht* a léiriú sa tionscadal gníomhaíochta OSSP. Meastar go gcuirfidh daltaí ó na scoileanna rannpháirteacha a gcuid RAPanna leictreonacha isteach do scrúdú an Teastais Shóisearaigh 2007.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Déanfaidh an CNCM<br>- na gnéithe den athbhreithniú ar an tsraith shóisearach a bhfuil tosaíocht acu a chur chun cinn, agus na saincheisteanna maidir le forualach agus forluí san áireamh; an raon de chur chuige measúnachta in úsáid a leathnú; agus tabhairt faoi athbhreithniú agus forbairt siollabais mar is cuí. | • Feidhmiú tionscadal forbraíochta le scoileanna ar 'mheasúnú chun foghlama' múnlaitheach. | Críochnaithe, le hobair bhreise ar siúl* |

* Leathnófar eiseamláirí d'obair na ndaltaí chun raon níos leithne d'ábhair agus comhthéacsanna a chlúdach.

## Fócas ar Thaighde: Eispéiris daltaí na dara bliana

Go luath sa bhliain 2002, mar chuid d'athbhreithniú ar an tsraith shóisearach, rinne an CNCM coimisiúnú ar an Ionad Taighde ar Bheartas Oideachais den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta chun staidéar fadaimseartha a dhéanamh ar eispéiris na ndaltaí ar an gcuraclam sa chéad trí bliana dá gcuid scolaíochta iarbhunscoile. Tá an taighde anois ar siúl ar feadh trí bliana agus tá anailís cháilíochtúil agus chainníochtúil i gceist ar fhreagraí os cionn 800 daltaí agus baill fhoirne i dhá cheann déag de na scoileanna cás-staidéir. Tá sé ar cheann de na tionscadail taighde oideachais is mó a rinneadh riamh ag leibhéal iarbhunscoile, agus mar sin tá léargas sainiúil tugtha aige ar eispéiris na ndaltaí ar scolaíocht i mblianta tosaigh na hiarbhunscoile.

Cé go bhfuil an obair ar siúl go fóill tá sé tar éis dul i bhfeidhm ar an athbhreithniú den tsraith shóisearach agus ar chomhairle na CNCM faoin gcuraclam agus measúnacht go ginearálta. Má leanann an staidéar ar aghaidh go dtí deireadh na sraithe sinsearaí mar atáthar ag súil leis, tá an fhéidearthacht ag na torthaí a thiocfaidh as dul i bhfeidhm ar bheartas oideachais agus, dá réir sin, ar an gcóras oideachais ag leibhéal iarbhunscoile. Is léir ón staidéar seo a coimisiúnaíodh ar an scála seo go bhfuil an CNCM tiomanta do dhíriú ní hamháin ar an gcuraclam atá beartaithe (i gcáipéisí ) ach don churaclam atá achtaithe agus airithe ag na daltaí chomh maith (i seomraí ranga agus i scoileanna).


Ceann de na láidreachtaí a bhaineann le staidéar den sórt seo is ea an deis a sholáthraíonn sé chun féachaint ar na cosáin a ghlacann daltaí ón nóimeád a théann  siad isteach chuig an iarbhunscoil go dtí an Teastas Sóisearach agus ar aghaidh uaidh sin - chun taiscéalaíocht a dhéanamh ar na bealaí ina dtéann struchtúir scoile agus nósanna imeachtaí i bhfeidhm ar thorthaí na ndaltaí, agus ar na bealaí ina dtéann an modh múinte agus foghlama i bhfeidhm orthu mar aon le cúlra de réir aicme sóisialta, inscne agus leibhéal cumais.

Foilsíodh tuarascáil i Mí Aibreáin 2004 ar an staidéar a rinneadh ar an gcéad bhliain dar teideal *Bogadh Aníos: eispéiris dhaltaí na céad bliana in oideachas Iarbhunscoile.* Ag an am céanna d'fhoilsigh an CNCM leabhrán le teideal cosúil leis ag coimriú na torthaí do scoileanna agus do thuismitheoirí. Scaipeadh an leabhrán ar gach scoil iar-bhunscoile agus chuig eagraíochtaí tuismitheoirí.

Bhí dhá aidhm ag baint le staidéar na dara bliana – chun léargas a fháil ar eispéiris daltaí na dara bliana ar mhúinteoireacht, ar fhoghlaim agus ar an gcuraclam, agus chun athruithe ar dhearcaí na ndaltaí i leith na scoile agus obair scoile thar tréimhse na dara bliana a leanúint.

Cuireann staidéar na dara bliana béim ar an sáinn ina bhfuil daltaí sa sruth ísle agus roinnt chúiseanna go bhfuil siad díspreagtha ón scoil agus ón bpróiseas foghlama. Tá seans níos fearr ann gur buachaillí ón íseal aicme a bheidh sa sruth íseal, agus go gcuirtear níos lú ábhar ar fáil dóibh, ag an ngnáthleibhéal nó ag an mbunleibhéal de ghnáth, agus is minic nach mbíonn deis acu ábhair le fócas praiticiúil a dhéanamh. Faigheann siad níos mó den mhúinteoireacht déaduchtach, níos lú obair bhaile agus caitheann siad níos lú ama á déanamh, agus tá seans níos fearr ann go mothóidís go bhfuil luas an ranga ró-mhall.

Tá tuairimí an-soiléire ag daltaí sa dara bliain faoi céard is múinteoireacht éifeachtúil ann. Dar leis na daltaí, is iad na múinteoirí is éifeachtúla ná na múinteoirí a mhíníonn rudaí go soiléir, a bhaineann taitneamh as an ábhar a mhúineadh, a cheapann gur píosa craic é foghlaim a dhéanamh, a spreagann a daltaí ceisteanna a chur, a molann an dea-obair agus nach mbíonn ag tabhairt amach. Mothaíonn siad go ndéanann siad an fhoghlaim is fearr sna hábhair a thaitníonn leo, sna hábhair a bhfuil siad cumasach iontu, ina bhfuil go leor gníomhaíochtaí praiticiúla ann, ina bhfuil an mhúinteoireacht bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus ina bhfuil plé agus obair ghrúpa i gceist, agus nach "teagasc ón leabhar " atá i gceist.



Toisc an scála agus toisc nach bhfuil an staidéar críochnaithe go fóill tá sé deacair conclúidí cinnte a dhéanamh amach go dtí seo. Is bliain dheacair í an dara bliain, agus is dúshlán é do dhaltaí agus do mhúinteoirí araon. Is scoilt sa bhóthar é – tá grúpa amháin daltaí níos dearfaí agus níos rannpháirtí sa scoil agus tá siad dearfach faoina gcumas féin mar fhoghlaimeoirí – agus bíonn eispéiris nach bhfuil chomh dearfach sin ag an ngrúpa eile, mothaíonn siad nach bhfuil an meas céanna orthu mar fhoghlaimeoirí agus éiríonn siad níos scoite amach ón bhfoghlaim agus ón scoil.

Foilseofar an tuarascáil faoin dara bhliain i gcóip chrua, cuirfear coimre ar láithreán gréasáin na CNCM agus cuirfear na torthaí in iúl do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí trí *info@ncca*. Tá anailís ar an bhfaisnéis ón tríú bliain faoi lán seoil anois, a chuirfidh an staidéar ar an tsraith shóisearach i gcrích.

## Oideachas na Sraithe Sinsearaí



### Moltaí maidir le Dul Chun Cinn an Todhchaí in Oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn

Críochnaigh an CNCM a athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí go luath sa bhliain 2005 agus chuir sí a comhairle mhionsonraithe *Moltaí maidir le Dul Chun Cinn an Todhchaí in Oideachas na Sraithe Sinsearaí in Éirinn* i láthair an Aire Oideachais agus Eolaíochta i Mí Aibreáin. Ag eascairt as freagra an Aire i Mí an Mheithimh ag iarraidh ar an CNCM dul ar aghaidh leis na forbairtí, ullmhaíodh plean oibre chun breis forbartha a dhéanamh ar chomhábhair éagsúla na  comhairle, ag tosú leis an athbhreithniú ar ábhair agus ar an measúnacht a dhéantar orthu, na príomhscileanna, agus forbairt na n-aonad idirthréimhseach agus cúrsaí gearra. Tá an chomhairle ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin na CNCM.

Cuireadh tús le hobair ar na réimsí seo agus leanfaidh sí ar aghaidh go 2006 agus uaidh sin amach.

- Tá aonaid idirthréimhseacha á bhforbairt i gcomhar le roinnt scoileanna agus tá nósanna imeachta um bhailíocht á dtástáil.
- Roghnaíodh ábhair agus cúrsaí gearra d'athbhreithniú agus forbairt sa chéad chéim.
- Tá na príomhscileanna á sonrú a thuilleadh sula gcuirfear isteach sna hábhair, sna cúrsaí gearra agus sna haonaid idirthréimhseacha iad.
- Tá moltaí measúnachta á bhforbairt do chomhábhair an churaclaim.

### Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte

Rinne an CNCM comhchomhairliúchán faoi dhréachtchreat do OSPS sa tsraith shinsearach. Foilsíodh na cáipéisí comhairliúcháin, i gcóip chrua agus ar láithreán gréasáin na CNCM, scaipeadh iad chuig scoileanna, boird sláinte, eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla agus grúpaí bainteach le hoideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte dhaoine óga. Anuas air sin rinneadh roinnt agallamh le grúpa fócais de dhaltaí na sraithe sinsearaí iarbhunscoile. Cuirfear tuarascáil faoin gcomhairliúchán roimh an gComhairle i Mí Feabhra 2006 agus foilseofar é ar láithreán gréasáin na CNCM.

### Obair Shiollabais

Ullmhaíodh leaganacha Gaeilge de na siollabais Staire agus Tíreolaíochta don Ardteist. Foilsíodh treoirlínte do mhúinteoirí d'Oideachas Reiligiúin don Ardteist i gcóip chrua agus ar láithreán gréasáin na CNCM. Críochnaíodh siollabas athbhreithnithe d'Eacnamaíocht don Ardteist agus tá athbhreithnithe ar Eolaíocht Cheimiceach agus Fhisiciúil beagnach réidh.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Bheith páirteach in athbhreithniú ar oideachas na sraithe sinsearaí bunaithe ar phlépháipéar *Oideachas na Sraithe Sinsearaí a Fhorbairt,* foilsithe sa bhliain 2002. Beidh próisis éagsúla leathana cuimsitheacha agus gné forbartha curaclaim i gceist san athbhreithniú seo agus beidh sé mar chomhairle don Aire Oideachais agus Eolaíochta ar chruth oideachais don tsraith shinsearach sa todhchaí. | • Scaipeadh an phlépháipéar faoin tsraith shinsearach. | Críochnaithe |
| | • An próiseas comhairliúcháin a chur i bhfeidhm. | Críochnaithe. |
| | • Tuarascálacha a fhoilsiú ar imeachtaí agus ar phróisis an chomhairliúcháin. | Críochnaithe |
| | • Fóram ar oideachas na sraithe sinsearaí a reáchtáil. | Críochnaithe |
| | • Páipéar faoin todhchaí a fhoilsiú ar threochtaí forbartha oideachais na sraithe sinsearaí. | Críochnaithe |
| | • Tionscnamh taighde a dhéanamh le scoileanna faoi na gnéithe praiticiúla a bhaineann le roinnt treochtaí d'fhorbairt a chur i bhfeidhm. | Críochnaithe |

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chláir na sraithe sinsearaí - an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, Gairmchláir na hArdteistiméireachta (LCVP) agus an Idirbhliain. | • Comhairle a fhoilsiú don Aire Oideachais agus Eolaíochta ar an gcruth a bheidh as todhchaí ar oideachas na sraithe sinsearaí. | Críochnaithe |
| | • Plean forfheidhmiúcháin a fhorbairt den chéad chéim den athrú ar oideachas na sraithe sinsearaí. | Ullmhaíodh plean forfheidhmiúcháin mar chuid den chomhairle. Déanfar athrú air seo sa bhliain 2006 chun na hathruithe molta sa chéad chéim a thabhairt san áireamh. |
| | • Páipéir faoi shaincheisteanna a fhorbairt ar chláir na sraithe sinsearaí. | Rinneadh athbhreithniú ar chláir na sraithe sinsearaí mar chuid d'athbhreithniú iomlán na sraithe sinsearaí. I rith an athbhreithnithe seo rinneadh cinneadh go bhfanfadh Gairmchláir na hArdteistiméireachta ina chlár discréideach go fóill. Is ábhar athbhreithnithe breise anois é, agus leanfar ar aghaidh leis isteach sa bhliain 2006. |

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Athbhreithnithe a dhéanamh i réimsí curaclaim agus ábhar mar is cuí. | Siollabais athbhreithnithe a fhoilsiú sna hábhair seo a leanas: | |
| | • Corpoideachas don tsraith shinsearach | Ag feitheamh ar cheadú ón ROE |
| | • Ealaín AT | Ag feitheamh ar cheadú ón ROE |
| | • Eacnamaíocht AT | Siollabas athbhreithnithe críochnaithe |
| | • Fisic agus Ceimic (le chéile) AT | Siollabas athbhreithnithe beagnach críochnaithe |
| | • Corpoideachas AT | Ag feitheamh ar cheadú ón ROE |




## Athbhreithniú ar Theangacha sa Churaclam Iarbhunscoile

Críochnaíodh Céim a hAon den athbhreithniú ar theangacha san iarbhunoideachas nuair a foilsíodh tuarascáil ar láithreán gréasáin na CNCM i Mí Aibreáin. Bhí fócas de Chéim a hAon ar phlé agus ar chomhairliúchán ar réimse saincheisteanna a bhaineann le Gaeilge, Béarla agus Nuatheangacha sa churaclam. Baineadh leas as réimse leathan fóram, imeachtaí agus meán sna comhairliúcháin.

D'achoimrigh an tuarascáil réimse saincheisteanna a d'eascair as an gcomhairliúchán agus sonraíodh roinnt mholtaí do ghníomhaíocht i gCéim a Dó den athbhreithniú lena n-áirítear

- cur le beartas a ghiniúint do theangacha san oideachas
- siollabas nua Gaeilge a fhorbairt d'fhoghlaimeoirí a bhfuil an Ghaeilge acu ó dhúchas agus plé ar a himpleachtaí do shiollabais eile Gaeilge
- pleanáil do staidéar píolótach a dhíreodh ar thacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus an Phunann do Theangacha Eorpacha á úsáid acu i múineadh teanga sa tsraith shóisearach.

Cuireadh tús le hobair a dhéanamh ar gach ceann de na réimsí seo sa bhliain 2005 agus leanfaidh sí go dtí 2006.



### Tionscnamh LIA (Litríocht Idirghníomhach na hArdteistiméireachta)

I Mí an Mheithimh 2005 cuireadh tús le comhthionscnamh CNC/NCTE chun láithreán greasáin idirghníomhach a fhorbairt chun tacú le múinteoireacht agus foghlaim sa mhír athbhreithnithe litríochta de shiollabas na Gaeilge don Ardteist. D'oibrigh an CNCM le roinnt mhúinteoirí chun ábhar éiseamláireach a fhorbairt. Forbrófar agus seolfar an láithreán gréasáin LIA a mbeidh na hábhair air sa bhliain 2006.

### Tionscnamh na dteangacha iarbhunscoile

Foilsíodh an téacsleabhar *Giro d'Italia,Imleabhar a 2*, i Meán Fómhair 2005. Bhí an CD agus nótaí an mhuinteora réidh faoi Mhí na Nollag.

Foilsíodh *Hiragana Kantan* leis an CD a ghabhann leis i Meán Fómhair 2005.

Tá tús curtha le obair ar *Nihongo Kantan* agus tá an leabhar le foilsiú i samhradh na bliana 2006.

Cuireadh ceardlanna, tacaíocht don mhúinteoir agus cuairteanna ar scoileanna ar fáil don dá theanga. Cuireadh tacaíocht ar fáil don tSeapáinis san Idirbhliain chomh maith.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Tús a chur le hathbhreithniú ollmhór ar theangacha sa churaclam iarbhunscoile. | • Plépháipéar a fhoilsiú. | Críochnaithe 2004 |
| | • Páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin. | Críochnaithe 2004-2005 |
| | • Tuarascáil a fhoilsiú faoin athbhreithniú ag bunú saincheisteanna beartais agus ag aithint pointí gníomhaíochta don todhchaí. | Críochnaithe 2005 |
| Múineadh na dteangacha ag leibhéal iarbhunscoile a fheabhsú, a leathnú agus a dhéanamh éagsúil. | Forbairt agus foilsiú d'ábhair teanga: | |
| | • Iodáilis | Críochnaithe |
| | • Seapáinis | Ar siúl |

## Athbhreithniú ar mhatamaitic in oideachas iarbhunscoile

### Cáipéisí athbhreithnithe

D'fhoilsigh an CNCM plépháipéar dar teideal *Athbhreithniú ar Mhatamaitic in Oideachas Iarbhunscoile a* d'aithin na príomh-shaincheisteanna ar cheart machnamh a dhéanamh orthu san athbhreithniú. Ullmhaíodh ceistneoir chun go gcuirfí isteach freagairtí ar na saincheisteanna a tháinig chun cinn go héasca. Coimisiúnaíodh páipéar cuideachta *Treochtaí Idirnáisiúnta sa Mhatamaitic Iarbhunscoile* i ndiaidh próisis tairisceana, agus foilsíodh é ar láithreán gréasáin na CNCM é i Mí Dheireadh Fómhair 2005.

### Comhairliúchán

Rinneadh comhairliúchán i Mí na Samhna/ Mí na Nollag 2005 agus fuarthas freagairtí tríd an bpost, ar ríomhphost agus ar cheistneoir ar-líne. Chun rannpháirtíocht na ndaltaí a spreagadh, cuireadh seirbhís ar fáil chun téacsteachtaireachtaí a sheoladh chun go bhféadfaí ráitis faoi mhatamaitic a chur faoi bhráid na CNCM sa tslí seo freisin. Scaipeadh na cáipéisí comhairliúcháin chuig scoileanna, chuig coláistí tríú leibhéal agus chuig institiúidí oideachais, chuig na comhpháirtithe oideachais agus chuig grúpaí gnó agus tionscail. Cuirfear tuarascáil ar an gcéim comhairliúchain, le moltaí i dtaobh gníomhaíochtaí, faoi bhráid na Comhairle i Mí Márta 2006 agus foilseofar é ar láithreán gréasáin na CNCM.

## Fócas ar Thaighde: Athbhreithniú ar mhatamaitic in oideachas iarbhunscoile

I gcomhthéacs athbhreithnithe na CNCM ar mhatamaitic san oideachas iarbhunscoile, rinneadh foramharc ar na treochtaí idirnáisiúnta sa mhatamaitic a choimisiúnú ionas go bhféadfaí saincheisteanna atáthar á mbreathnú orthu san athbhreithniú a phlé i gcomhthéacs na bhforbairtí in oideachas matamaitice go hidirnáisiúnta. Nótáladh i bplépháipéar na CNCM, agus é ag sonrú comhthéacs na hÉireann don athbhreithniú, go raibh treocht ann go hidirnáisiúnta bogadh i dtreo na matamaitice comhthéacs-bhunaithe agus béim níos láidre ar chur chuige chun fadhbanna a réiteach. Bhí iarrachtaí daltaí de chúig bliana déag d'aois sna scrúdaithe matamaitice sa chéad dá chéim den Chlár um Measúnacht Idirnáisiúnta (PISA) ag meánleibhéal an OECD. I PISA bhí an fócas ar 'litearthacht mhatamaiticiúil' seachas curaclambhunaithe, ach bhí an cur chuige molta ag PISA maidir le fadhbanna na matamaitice comhthéacs-bhunaithe ag brath ar scileanna atá difriúil ó na cinn atá forbartha go ginearálta ag na siollabais ábharbhunaithe a gcuirtear ar aghaidh in Éirinn.

I measc na saincheisteanna a theastaigh ón athbhreithniú ar mhatamaitic dul i ngleic leo bhí na cinn sin a bhain le múinteoireacht agus foghlaim, forbairt ghairmiúil na múinteoirí san áireamh, agus na tionchair chultúrtha agus chórais a théann i bhfeidhm ar oideachas matamaitice. Bheadh an méid a d'eascair na saincheisteanna agus an bealach ar dhéileáladh leo i dtíortha eile an-úsáideach don díospóireacht anseo in Éirinn. Bhí roinnt díospóireachtaí ann go hidirnáisiúnta faoin éagsúlacht de chuspóirí agus spriocanna a bhaineann le hoideachas matamaitice, chomh maith le gluaiseacht i roinnt tíortha i dtreo 'oideachas matamaitice réadúil' (RME). Breathnaíodh ar an athbhreithniú ar threochtaí idirnáisiúnta sa mhatamaitic mar pháipéar cuideachta tábhachtach sa comhairliúchán a tionóladh i dtreo dheireadh na bliana 2005.

Coimisiúnaíodh an Dr. Paul Conway agus an Dr. Barry Sloane chun athbhreithniú a dhéanamh ar threochtaí idirnáisiúnta in oideachas matamaitice i dtéarmaí a n-impleachtaí don churaclam agus don mheasúnacht. Chomh maith le léargas ginearálta a thabhairt ar na saincheisteanna in oideachas matamaitice, rinne siad measúnacht ar chúig thionscnamh idirnáisiúnta:

(i) matamaitic i gcomhthéacs (ábhair churaclaim spreagtha ag RME)

(ii) 'oiliúint' mar mhúnla d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach

(iii) úsáid TFC in oideachas matamaitice

(iv) teagasc cognaíoch treortha

(v) oideachas na múinteoirí matamaitice.

Bhí fócas coitianta acu ar chaighdeán foghlama na ndaltaí agus cuireadh i láthair iad trí chreat a úsáid.

Díríonn an páipéar ar chúpla príomhsmaointe: *léargais nua ar mhúineadh na matamaitice, peirspictíochtaí nua a fhoghlaim agus a dtionchair ar thimpeallachtaí cumhachtacha foghlama a dhearadh, agus coinníollacha maidir le hardchaighdeán oideachais do mhúinteoirí sa mhatamaitic.* Cinneann sé go hidirnáisiúnta go bhfuil brú cultúrtha ann oideachas matamaitice a athshainiú. Tá an brú seo atá ag teacht ó roinnt fhoinsí, ag dul i dtreo athchóirithe oideachais shuntasach i roinnt tíortha nó réigiún. Tá impleactaí fairsinge i gceist le haon athbhreithniú radacach ar oideachas matamaitice lena n-áirítear

- oideachas matamaitice in institúidí tríú leibhéal
- oideachas do mhúinteoirí bunscoile agus iarbhunscoile
- scóip, doichte agus nádúr cleachtas-bhunaithe agus leanúnach d'fhorbairt ghairimiúil mhúinteoirí
- dearadh measúnachta agus scrúduithe sa mhatamaitic
- acmhainní múinteoireachta agus foghlama
- toimhdí faoi bhun ceapadh ‘gach lá’ agus ‘oifigiúil’ d’oideachas matamaitice.

Ag deireadh an pháipéir is é an chonclúid atá ann ná go mbeadh gá d’athchóiriú na matamaitice dul i bhfad thar chumas na scoile chun athrú a dhéanamh agus go gcaithfear cur chuige ar leibhéal an chórais a ghlacadh, toisc scála na hoibre atá i gceist.

Foilsíodh an páipéar idirnáisiúnta ar láithreán gréasáin na CNCM i Mí na Samhna 2005 agus scaipeadh é i gcomhar le plépháipéar na CNCM chuig daoine aonair, grúpaí agus institiúidí mar chuid den chomhairliúcháin. Cuireadh gnéithe de thorthaí an pháipéir san áireamh i gcainteanna leis na múinteoirí matamaitice iarbhunscoile agus le léachtóirí an tríú leibhéal.

## Athbhreithniú ar Ábhair Chlasaiceacha sa churaclam iarbhunscoile

Tháinig an Bord Staidéir don Léann Clasaiceach le chéile trí huaire sa bhliain 2005. Rinne grúpaí oibre an bhoird iniúchadh ar shiollabais an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta sa Laidin, sa Ghréigis agus sa Léann Clasaiceach. I Mí Aibreáin-Meithimh 2005, fuair suirbhé faoin soláthar don léann clasaiceach i scoileanna 271 freagairtí ó phríomhoidí scoile agus ó mhúinteorí an léinn chlasaicigh. Foilsíodh tuarascáil faoin suirbhé ar láithreán gréasáin na CNCM.

Reáchtáladh seimineár do dhaoine a fuair cuireadh faoi na hábhair chlasaiceacha ar an 5 Deireadh Fómhair. D'fhreastal 45 de mhúinteoirí, príomhoidí agus ionadaithe na gcomhpháirithe oideachais ar an seimineár dar teideal *An bhfuil Todhchaí ag an Stair? An Léann Clasaiceach in Oideachas Iarbhunscoile.* Ba iad na príomhchainteoirí ná an Dr. Peter Jones ó Ollscoil Newcastle agus Barbara Bell, údar an chúrsa Laidine Minimus a úsaidtear i scoileanna an RA. Ullmhaíodh tuarascáil faoin seimineár don Bhord Staidéir.

Chuir torthaí na ngrúpaí oibre, an tsuirbhé agus an tseimineáir an Bord ar an eolas agus é ag ullmhú a gcuid moltaí don Chomhairle ar fhorbairt sa todhchaí ar na hábhair chlasaiceacha in iarbhunscoileanna. Cuirfidh an Bord deireadh lena gcuid moltaí sa bhliain 2006.

## Athbhreithniú ar Threoir sa Churaclam Iarbhunscoile

Cuireadh tús leis an obair ar dhréachtchuraclam do threoir. Cumhdaíonn an creat an tsraith shinsearach agus shóisearach araon, agus díríonn sé ar thrí réimse atá idirnasctha, treoir phearsanta, treoir oideachais agus gairmthreoir.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.



| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| San oideachas iarbhunscoile déanfaidh an CNCM<br>- athbhreithnithe i réimsí curaclaim agus ábhar mar is cuí. | • Táirgfear tuarascáil athbhreithnithe ar oideachas matamaitice. | Comhairliúchán críochnaithe<br><br>Tuarascáil ar comhairliúchán le chur faoi bhráid na Comhairle i Mí Feabhra 2006 |
| | • Táirgfear tuarascáil athbhreithnithe ar na hábhair chlasaiceacha. | Tuarascáil le cur faoi bhráid na Comhairle i Mí Márta 2006 |
| | • Forbrófar creat curaclaim don Treoir (sa tsraith shinsearach agus shóisearach). | Dréachtchreat críochnaithe |

## Sprioc Ardleibhéil 2

### DUL I MBUN IDIRCHAIDRIMH LE SCOILEANNA AGUS SUÍMH OIDEACHAIS EILE AGUS TACAÍOCHT AGUS TREOIR A CHUR AR FÁIL DÓIBH D'ATHRÚ LEANÚNACH AGUS FORBAIRT I GCURACLAM AGUS I MEASÚNACHT

### Caidreamh le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI) agus le Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna (FETAC)

Lean CNCM ar aghaidh lena cuid oibre leis an NQAI agus le FETAC chun tacú le cur i bhfeidhm Creat Náisiúnta Cáilíochtaí. Is éard a bhí sa chomhoibriú seo ná rannpháirtíocht ar roinnt ghrúpaí comhairleacha agus oibre bainteach le roinnt gnéithe den chur i bhfeidhm. Cuid de na gnéithe seo a bhí san áireamh in 2005 ná na dámhachtainí leagáide a chur ar an gCreat, caighdeáin nua a shonrú do dhámhachtainí nua (go mórmhór ag leibhéal 1 agus 2 den Chreat) agus féachaint ar chreataí creidmheasa agus córais ar aon. Anuas air sin, ghlac an CNCM páirt i gcomhairliúcháin a bhain le Dréachtchreat Cháilíochtaí na hEorpa.

I Mí Meán Fómhair bhí sé de thoradh ar chomhoibriú idir an CNCM agus NQAI gur foilsíodh an dara eagrán de *Faisnéis*, an nuachtlitir a thugann an earnáil scoile chun dáta faoi fhorbairtí sa réimse cáilíochtaí.

### Caidreamh leis an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (CECDE)

Lean an CNCM ar aghaidh ag obair go dlúth leis an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (CECDE). Thug an CNCM aiseolas chuig an CECDE ag céimeanna faoi leith dá chuid oibre i bhforbairt Chreata um Chaighdeán Náisiúnta. Ghlac an CNCM páirt in obair an CECDE trí bhallraíocht a Choiste Comhairliúcháin a tháinig le chéile trí huaire sa bhliain 2005. Roinn an CECDE a chuid thaighde cuimsithigh faoi conas a fhoghlaimíonn agus a fhorbraíonn leanaí leis an CNCM chun tacaíocht a thabhairt d'obair na Comhairle ina cuid pleanála chun an páipéar gearr, *Luathfhoghlaim agus forbairt leanaí: Céard a deir an taighde,* a fhorbairt.

**Caidrimh le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile luathóige**

Chuir an CNCM tuilleadh fós le hoideachas luathóige trí bhallraíocht leanúnach leis an nGrúpa Comhairleach um Chaighdeán den BCCN, agus trí bhallraíocht le grúpa comhairleach de Thionscadal Tionscantach na Spraoighrúpaí Pobail (maoinithe agus bainistithe ag Fondúireacht Katherine Howard agus IPPA an Eagraíocht don Luath-Óige).

## Ag Obair le hearnálacha eile den chóras oideachais

Lean an CNCM ar aghaidh ag tabhairt cur i láthair do choláistí oideachais, ollscoileanna, tuismitheoirí agus an chigireacht agus chuig na seirbhísí tacaíochta faoi na tionscnaimh nua atá á bhforbairt sa réimse curaclaim agus measúnachta ag leibhéal na bunscoile agus na hiarbhuncsoile. Tugann na cur i láthair seo tacaíocht do chláir réamhsheirbhíse agus inseirbhíse trí imlínte chun dáta a sholáthar faoi na tionscnaimh atá á bhforbairt.

I measc na cur i láthair a rinneadh sa bhliain 2005 bhí an méid seo a leanas.

| Grúpa: | Téama/ Limistéar |
|---|---|
| Múinteoirí Oispidéil | Forbairtí in Oideachas Speisialta |
| Múinteoirí Iarbhunscoile, Coláiste Eaglais na hÉireann, Rathmaoinis | Forbairtí in Oideachas Speisialta |
| Institiuid Oideachais Marino | Forbairtí in Oideachas Speisialta |
| Cigireacht ROE | TFC i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna |
| Cumainn Thuismitheoirí (PAVSCC,COMPASS) | Athbhreithniú ar an Matamaitic |
| Tuismitheoirí ag seimineáir NPC-Bunscoile, náisiúnta agus réigiúnacha | An Curaclam Bunscoile |
| Seirbhís Tacaíochta Chorpoideachais don tSraith Shóisearach | Measúnú chun Foghlama |
| Clár Tacaíochta an Churaclaim Bunscoile | Athbhreithniú ar an gCuraclam Bunscoile, Measúnacht sa bhunscoil, Forbairtí in Oideachas Speisialta |
| Daltaí iarbhunscoile san Oirdheisceart | Comhairliúchán sa tsraith shinsearach |

| Grúpa: | Téama/Limistéar |
|---|---|
| Céimithe, Coláiste Oideachais Mhuire gan Smál | Obair na CNCM |
| Céimithe, UCD | Oideachas Idirchultúrtha san iar-bhunscoil, Ról TFC i gCuraclam agus i Measúnacht. |
| NESF, Cúram Luath-Óige agus Foireann Oideachais | Creat don Luath-Fhoghlaim |
| Cumann Spraoighrúpaí Réamhscoile na hÉireann | Creat don Luath-Fhoghlaim |
| Líonra Cúraim Leanaí na gContaetha ar an Teorainn | Creat do Luath - Fhoghlaim |

Anuas ar na cur i láthair nó na ceardlanna seo, chuir roinnt bhaill fhoirne páipéir i láthair nó thug siad óráid ag comhdháil nó ag seimineáir, in Éirinn agus thar lear. Tá roinnt samplaí sa liosta thíos:

I Mí Eanáir, chuir John Hammond páipéar i láthair dar teideal *Treochtaí Nua d'Oideachas Iarbhunscoile Íochtaraí agus don Ardteistiméireacht i bPoblacht na hÉireann* ag seimineár faoi Bheartas Phoiblí a bhí eagraithe ag Coláiste Queen Mary in Ollscoil Londain. Ba é ábhar an tseimineáir ná an Tuarascáil Tomlinson isteach in athchóiriú 14-19 san RA.

Ba í Mary O'Leary a chuir i láthair obair na CNCM faoi TFC i gcuraclam agus i measúnacht chuig an gCumann um Oideachas Ríomhaire in Éirinn (CESI) ag Coláiste de hÍde, Tamhlacht ar an 12 Feabhra, 2005.

I Mí Aibreáin, rinne Bill Lynch cur i láthair faoi Fhorbairtí in oideachas eolaíochta in Éirinn ag an Dara Comhdháil Náisiúnta PISA, urraithe ag an ROE, i mBaile Átha Cliath. Dhírigh an cur i láthair go príomha ar an gcur chuige athraithe san eolaíocht sa Teastas Sóisearach, agus chuaigh sé i ngleic le forbairtí san eolaíocht sa tsraith bhunscoile agus shinsearach freisin.

Rinne an Dr. Sarah FitzPatrick cur i láthair dar teideal *Breathnú ar ár Staid: Athbhreithniú ar churaclam bunscoile na hÉireann– eispéiris náisiúnta, treochtaí idirnáisiúnta* ag cruinniú an Chumainn Thaighde Oideachais Mhéireacánaigh (AERA) ón 11 Aibreán go 15 Aibreán i Montreal i gCeanada. Ba é téama chruinniú bliantúil an AERA ná *Déimeagrafaíocht agus Daonlathas i Ré na Freagrachta.*

Chuir Hal O'Neill dhá chás-staidéar i láthair ag an gcomhdháil *Ceannaireacht don Athrú* a reáchtáil Microsoft agus Forbairt Cheannaireachta do scoileanna i gCill Iníon Léinín, Baile Átha Cliath. Bhain an chéad chur i láthair le tionscnamh CNCM i Measúnú chun Foghlama agus dhírigh an dara ceann ar an gcéad chéim d'Athbhreithniú CNCM ar an gCuraclam Bunscoile.

Rinne John Hammond cur i láthair faoi obair na CNCM maidir le *Measúnú Daltaí in Oideachas Saoránachta* ag seimineár eagraithe ag grúpa Institiúidí d'Fhorbairt agus Taighde san Oideachas san Eoraip (CIDREE). Reáchtáladh an seimineár ag an bhFondúireacht Náisiúnta do Thaighde Oideachais i Slough, i Sasana i Mí an Mheithimh 2005.

Chuir an fhoireann um luathóige na CNCM dhá pháipéar i láthair ag comhdháil bhliantúil EECERA (Cumann Eorpach um Thaighde Oideachais sa Luath–Óige) arna reáchtáil ag IPPA, an Eagraíocht um Oideachas Luath-Óige agus Coláiste Oideachais Naomh Pádraig i mBaile Átha Claith go luath i Mí Mheán Fómhair. Ag teacht le téama na comhdhála, *Leanaí Óga mar Shaoránaigh. Féiniúlacht, Muintearas agus Rannpháirtíocht*, rinne an Dr. Sarah FitzPatrick agus Arlene Forster cur i láthair mar gheall ar ionadaíocht a bheith ag guth an linbh i bhforbairt an Chreata don Luath-Fhoghlaim. Thug Cathal de Paor agus Margaret Maxwell cur i láthair faoin téama Féiniúlacht agus Muintearas sna Treoirlínte Idirchultúrtha do bhunscoileanna agus i bhforbairt an Chreata don Luathfhoghlaim.

Chuir John Halbert ceardlann i láthair dar teideal *Measúnú chun Foghlama sa Chorpoideachas* ag an bhFóram Náisiúnta den Ionad Náisiúnta Traenála agus Oiliúna in Ollscoil Luimnigh an 2 Meán Fómhair. Bhí sí d'aidhm ag an gceardlann féachaint ar na príomh-shaincheisteanna i ndáil le glacadh le cur chuige níos idirghníomhaí ar mheasúnacht fhoirmiúil san oideachas fisiciúil.

Rinne Majella Ó Shea chur i láthair ar fhorbairt agus scaipeadh na dtreoirlínte do scoileanna dar teideal *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil ag an gComhdháil Human Dimension* i Vársá ar an Déardaoin 29 Meán Fómhair. Ba í an Eagraíocht um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip (OSCE) a d'eagraigh an chomhdháil in éineacht leis an Oifig d'Institiúidí Daonlathacha agus Cearta Daonna (ODHIR).

Rinne an Dr. Sarah FitzPatrick cur i láthair ar obair na CNCM sa Luath-Óige agus sa Bhunscoil faoi éisteacht amach do ghuth an dalta, ag an gcéad seimineár de chuid CIDREE ar *Ghuth an Dalta* a d'eagraigh agus a reáchtáil an CNCM ar an 30 Meán Fómhair. I Mí na Samhna, chuir John Halbert léiriú chun dáta i láthair chuig comhthionól CIDREE san Iodáil ar an obair leanúnach a bhaineann le tionscadal CIDREE, faoi cheannaireacht CNCM, *Guth an Dalta a thabhairt san áireamh in athbhreithniú agus forbairt churaclaim.*

Ba í an Dr. Anne Looney a thug an óráid thosaigh ag comhdháil bhliantúil an Chumainn um Measúnacht Oideachais (AEA) - an Eoraip, arna reáchtáil ag an CNCM i mBaile Átha Cliath go luath i Mí na Samhna. Dhírigh a hóráid ar shaincheisteanna bainteach le measúnacht agus le freagracht san oideachas in Éirinn.

Rinne an Dr. Anne Looney cur i láthair chomh maith ar athchóirithe na sraithe sinsearaí ag Comhdháil Bhliantúil na Scoileanna Neamhspleácha agus ag Comhdháil Bhliantúil Phríomhfheidhmeannaigh na gCoistí Gairmoideachais.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Chun tacú le hathruithe agus le forbairt leanúnach i gcuraclam agus i measúnacht i scoileanna agus in institúidí oideachais eile. | • Cur i láthair a sheachadadh chuig réimse leathan eagraíochtaí oideachais agus ag comhdhálacha ar obair na CNCM. | Críochnaithe agus ag leanúint ar aghaidh |

## Sprioc Ardleibhéil 3

COMHIONANNAS A CHUR CHUN CINN SAN OIDEACHAS TRÍ FHORBAIRTÍ AGUS TRÍ PHRÓISIS A CHUIREANN LE COMHIONANNAS FEABHASAITHE ROCHTANA, RANNPHÁIRTÍOCHTA AGUS TORTHAÍ DO GACH FOGHLAIMEOIR.

### Soláthar Curaclaim do Leanaí i Scoileanna agus iad faoi Choimeád agus in Aonaid Ardchúraim agus Chúraim Speisialta

I Mí Dheireadh Fómhair 2004, sheas an Rialtas le moladh ón Aire Dlí, Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun féachaint ar an scóip atá ann chun seirbhísí an Stáit a réasúnú agus a athstruchtúrú ag teacht le hAcht na Leanaí 2001.

Mar chuid dá freagra ar fhorbairtí sa réimse, tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag tabhairt faoi Straitéis Eorpach a fhorbairt do leanaí atá faoi choimeád nó atá in aonaid chúraim speisialta nó ardchúraim. Rachaidh an straitéis seo i ngleic le beartas oideachais, struchtúir, foirnithe agus acmhainní. Iarradh ar an CNCM cur le forbairt na straitéise trí chomhairle a thabhairt ar sholáthar curaclaim sna scoileanna do leanaí faoi choimeád agus sna scoileanna speisialta atá nasctha leis na haonaid chúraim speisialta agus ardchúraime. Sa bhliain 2005, bhain obair na CNCM sa réimse seo le bailiú eolais trí chaidreamh a dhéanamh leis na scoileanna agus leis na haonaid lena mbaineann faoin gcleachtas reatha agus faoi sholáthar curaclaim. Cuireadh an t-eolas seo isteach i dtuarascáil de chuid na ROE, ag imlíniú molta d'obair bhreise agus d'fhorbairt sa réimse a d'fhéadfadh an CNCM tabhairt faoi.

Ba réimse nua oibre é seo agus níl tagairt dó sa phlean straitéiseach ach tagann sé leis an sprioc ardleibhéil.

### Oideachas Idirchultúrtha

I Bealtaine 2005, foilsíodh treoirlínte do bhunscoileanna, *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil*, as Béarla agus as Gaeilge, i gcóip chrua agus ar láithreán gréasáin na CNCM. Sheol an tAire Oideachais agus Eolaíochta é.

Seoladh cóipeanna de na treoirlínte chuig scoileanna, cóip amháin do gach uile mhúinteoir, chuig na coláistí oiliúna do mhúinteoirí, chuig leabharlanna agus chuig eagraíochtaí eile.

Tá na treoirlínte anois réidh do na hiarbhunscoileanna agus foilseofar agus scaipfear iad sa bhliain 2006.

Cuireadh tús le hobair ar thionscnamh chun tacaíocht a thabhairt do thógáil inniúlachta sa chóras oideachais sa réimse oideachais idirchultúrtha. Bunófar an tionscadal ar *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil – Treoirlínte do Scoileanna* agus tabharfaidh sé tacaíocht d'fhorbairt tionscnamh áitiúil trí líonra na n-ionad oideachais faoi cheannaireacht Ionad Oideachais Luimnigh. Chun an méid sin a bhaint amach, molann an CNCM dul ag obair le líonra na n-ionad oideachais chun forbairt ar shaineolas áitiúil atá ann, chun an saineolas agus an t-eispéireas sin a nascadh le treoirlínte agus chun roinnt an dea-chleachtais a chumasú sna líonraí áitiúla. Chuir An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le maoiniú an tionscadail seo.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos:

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Treoirlínte a fhorbairt chun tacaíocht a thabhairt d'oideachas idirchultúrtha agus chun é sin a chothú sa mhúinteoireacht agus i gcur chuige foghlama bunaithe ar churaclam athbhreithnithe na bunscoile agus ar churaclam na hiarbhunscoile- an tsraith shóisearach agus shinsearach. | • Treoirlínte a chur le chéile do na bunscoileanna agus do na hiarbhunscoileanna. | Críochnaíodh na treoirlínte do bhunscoileanna, seoladh agus scaipeadh iad chuig gach scoil i Mí na Bealtaine 2005.<br><br>Tá na treoirlínte anois réidh do na hiarbhunscoileanna agus foilseofar agus scaipfear iad sa bhliain 2006. |

## Tuismitheoirí

Cuireadh tús le DVD a fhorbairt ar *Fhoghlaim Leanaí i mBunscoileanna, Céard, Cén fáth agus Conas?* chun tacú le tuismitheoirí a bheith páirteach i bhfoghlaim a leanaí agus iad ag freastal ar an mbunscoil. Bhí forbairt an DVD bunaithe ar obair na CNCM sa réimse seo roimhe seo, agus ar thaighde agus athbhreithniú reatha an churaclaim, agus trí éisteacht le guthanna na dtuismitheoirí trí chomhairliúchán le réimse leathan de ghrúpaí thuismitheoirí.

Táthar ag súil go mbeidh an DVD réidh faoi mhí Eanáir 2006 agus an seoladh le bheith ar siúl agus an DVD a scaipeadh ar gach tuismitheoir go luath san Earrach 2006.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Treoirábhair a fhorbairt do thuismitheoirí leanaí bunscoile a sholáthraíonn eolas faoin gcuraclam agus a léiríonn conas is féidir le tuismitheoirí tacú le hobair na scoile i gcur i bhfeidhm an Churaclaim Bhunscoile. | • Táirgiú agus foilsiú treoirlínte do thuismitheoirí leanaí bunscoile. | Críochnaíodh scannánaíocht an DVD i Mí na Nollag 2005<br><br>Tá scaipeadh an DVD beartaithe do Mhí an Mhárta 2006 |

## Oideachas Speisialta

Tá athdhréachtú na gcáipéisí príomhúla - *Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí Faoi Mhíchumais Ghinearálta Foghlama* (Dianmhíchumas agus Trom-mhíchumas) críochnaithe. Tá na treoirlínte sna réimsí Meánmhíchumas agus Mionmhíchumas beagnach réidh. Forbraíodh treoirábhair nua do mhúinteoirí dhaltaí atá faoi *mhionmhíchumais ghinearálta foghlama* sa tsraith shóisearach i réimsí breise an churaclaim.

Ceadaíodh togra do chreat chun treoirlínte a fhorbairt chun tacu le múinteoirí le daltaí eisceachtúla. Cuirfear tús le forbairt na dtreoirínte i Mí Eanáir na bliana 2006, i gcomhar le CCEA i dTuaisceart Éireann.

D'fhorbair an CNCM tógra do chreat curaclaim do dhaltaí le fadhbanna ginearálta foghlama ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Saincheist faoi leith a tháinig chun suntais is ea an moladh go bhfuil gá le cláir staidéir oiriúnacha le rochtain ar theistiú dá leithéidí daltaí. Leanfaidh obair ar aghaidh i 2006 chun cláir fhiúntacha ábharthacha oideachais sa tsraith shóisearach a fhorbairt chun dul i ngleic le héagsúlacht riachtanas foghlama a bhfuil curtha i láthair ag na scolairí seo.

## Comhionannas

Forbraíodh Dréacht-Threoirlínte um Phrofú Comhionannais a chinnteoidh go gcuirfear comhionannas chun cinn i ngach uile ghné d'obair na CNCM agus cuireadh i láthair na foirne é chun aiseolas a fháil. Athdhréachtaíodh na treoirlínte i bhfianaise an aiseolais a fuarthas agus beidh sé sin mar theoir ag gach ball foirne agus iad ag pleanáil, ag dul i gcomhairle agus ag forbairt oibre in aon réimse faoi leith.

Tá forbairt ghairmiúil eile beartaithe chun feasacht fhoirne a ardú i ndáil le conas mar a théann perspeictíochtaí difriúla comhionannais i bhfeidhm ar obair na heagraíochta.

## Sprioc Ardleibhéil 4

### PÁIRT A GHLACADH I DTAIGHDE ÁBHARTHACH AGUS CHUN COIMISIÚNÚ AGUS ATHBHREITHNIÚ A DHÉANAMH AIR IONAS GO MBEIDH ÁR GCUID OIBRE BUNAITHE AR SHÁRCHLEACHTAS I NDÁIL LE CURACLAM, MEASÚNACHT AGUS FOGHLAIM, AGUS AR THUISCINTÍ AGUS ÉISPÉIRIS AR ATHRUITHE SAN OIDEACHAS.

Tugtar trí thionscadal thaighde chun suntais tríd an tuarascáil sna daite, 'Fócas ar Thaighde'. Tá tuairisc ar dhá cheann eile thíos.

### Dearadh Ríomhchuidithe

Rinne an CNCM agus an Ionad Náisiúnta um Theicneolaíocht san Oideachas (NCTE) inúchadh ar bhogearra munlaithe um dhearadh tríthoiseach paraiméadrach chun eolas a fháil ar shaincheisteanna a bhaineann le cur i bhfeidhm ghné CAD de na hábhair nua agus athbhreithnithe teicneolaíochta don Ardteistiméireacht, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide go háirithe. Rinne coiste stiúrtha an tionscadal seo a chur chun cinn le hionadaithe ón ROE, CNCM, NCTE agus CSS.

Rinne taighdeoirí ó Ollscoil Luimnigh agus NUI Maigh Nuad an taighde scoilbhunaithe i gcúig cinn déag d'iarbhunscoileanna ar úsáid de bhogearra munlaithe tríthoise paraiméadrach. Imlíneofar torthaí an tioscadail mar aon le himpleachtaí agus moltaí, i dtuarascáil an choiste stiúrtha, *Iniúchadh ar Bhogearra Tríthoise Paraméadrach CAD d'Oideachas Teicneolaíochta* (Feabhra 2006).

### Curaclam agus Measúnacht na Sraithe Sinsearaí

Coimisiúnaíodh an Dr. Carol McGuinness as Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste chun léargas a thabhairt ar an gcleachtas idirnáisiúnta agus príomhscileanna a chur isteach i gcuraclam na sraithe sinsearaí.  Comisiúnaíodh an Dr. Ian Colwill, a bhí le QCA i Londain, chun anailís a dhéanamh ar chomhábhair bhreise measúnachta sna scrúduithe A-Leibhéal. Úsáidfear an dá ghiota thaighde mar bhunús ar chlár oibre na CNCM don tsraith shóisearach sa bhliain 2006.

# Sprioc Ardleibhéil 5

STRUCHTÚIR AGUS PRÓISIS A FHORBAIRT CHUN INNÚLACHT CHORPARÁIDEACH AGUS ÉIFEACHTÚLACHT NA COMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA A FHEABHSÚ.

## Riar Corparáideach

Cheadaigh an Chomhairle Cód Cleachtais um Riar na CNCM. Bunaíodh clár faoi rún de ráiteas leasa Chomhaltaí na Comhairle de réir an Chóid. Shínigh an comhaltas forógra um rúndacht i ndáil le neamh-nochtadh chuig aon tríú pháirtí sonraí imeachtaí agus cainteanna ag cruinnithe na Comhairle a bhaineann le hobair atá fós ar bun nó á plé.

Críochnaíodh tuarascáil mheasúnachta riosca chun cur faoi bhráid an choiste iniúchta. Cheadaigh an Chomhairle uasmhéideanna nua chun íocaíochtaí agus seiceanna a shíniú agus tugadh isteach nósanna imeachta chun na ráitis mhíosúla airgeadais a cheadú.

## Próiseas Athbhreithnithe Buiséadach

Tugadh isteach códanna mionsonraithe tionscadail mar chuid eile den sruthlíniú sna próisis buiséadacha agus airgeadais na CNCM. Cheadaigh sé seo pleanáil chruinn don bhuiséad, do mhonatóireacht agus do mheasúnacht ar acmhainní a bhaineann le gach tioscadal ag teacht le plean bliantúil oibre. Leanadh ar aghaidh le monatóireacht mhíosúil agus athfhócasú ar an mbuiséad.

## Iniúchadh

Chríochnaigh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh ar chuntais na CNCM do na blianta 2001 go 2004 agus na blianta sin san áireamh.

## Plean Straitéiseach

Chuir an CNCM tús le hobair ar an dara plean straitéiseach dá cuid a thabharfaidh achoimre ar fhís, ar mhisean, agus ar an gcreat um spriocanna ardleibhéal ina bhfeidhmeoidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta sna blianta 2006-2008.

## Tuarascáil Bhliantúil

Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2004.

## Clár Sócmhainní

Críochnaíodh clár iomlán de shócmhainní oifige na CNCM i rith na bliana. Éascóidh sé seo dáileadh éifeachtúil troscáin agus trealaimh agus rolladh amach trealaimh nua de réir mar a bhíonn gá leis.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Cloígh le riachtanais reachtúla i ndáil le riar corpóráideach. | • Thangthas le riachtanais riar chorporáidigh.<br>• Clár oibre bliantúil a fhorbairt.<br>• Tuarascálacha bliantúla a fhoilsiú agus iad a chur faoi bhráid an Aire Oideachais agus Eolaíochta. | Ceadaíodh cód cleachtais<br><br>Bunaíodh clár faoi rún maidir le leasa chomhaltaí na Comhairle<br><br>Tugadh isteach próisis athbhreithnithe buiséadach<br><br>Ceadaíodh clár bliantúil oibre<br><br>Foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil 2004<br><br>Tugadh chun dáta agus críochnaíodh Clár Sócmhainní |

## Seomra Acmhainní

Forbraíodh leabhráin um Sheirbhís Eolais ag sonrú acmhainní náisiúnta agus idirnáisiúnta i bhformáidí leictreonacha agus i gcló agus scaipeadh iad chuig gach ball foirne lánaimseartha agus páirtaimseartha. Bunaíodh nuachtlitir faoi fheasacht reatha agus scaipeadh í go rialta tríd an ríomhphost chuig gach uile bhall foirne.

## Info@ncca.ie

Foilsíodh an chéad eagrán den nuachtlitir do mhúinteoirí *info@ncca*, ag tabhairt tacaíochta don fhoghlaim agus don mhúinteoireacht i Meán Fómhair 2005. Is í aidhm an fhoilseacháin ná cumarsáid a dhéanamh le múinteoirí sa seomra ranga, cleachtas a bhunú ar an gcumarsáid seo agus caint a spreagadh. Scaipeadh é chuig gach uile scoil i bhformáid chló agus tá sé ar fáil ar láithreán gréasáin na CNCM i bhformáid leictreonach. Tá an dá fhormáid ar fáil as Gaeilge agus as Béarla.

## Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí

Dréachtaíodh Cairt um Sheirbhís na CNCM do chustaiméirí.

## Lámhleabhar Foirne

Críochnaíodh obair ar lámhleabhar foirne a chuimsíonn gach beartas na CNCM maidir leis an láthair oibre. Rinneadh Oifigeach Sábháilteachta agus an Oifigeach um Shábháilteacht Dóiteáin a cheapadh faoin mbeartas sláinte agus slándála.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Cinnte a dhéanamh de go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun feabhas a chur ar chaighdeán a cumarsáide inmheánaí agus seachtraí. | • Feabhas ar líonra cumarsáide agus seachadadh seirbhíse. | Feabhas ar sheirbhísí eolais faoi athbhreithniú leanúnach<br><br>Foilsíodh nuachtlitir do mhúinteoirí<br><br>Cairt um Sheirbhís do Chustaiméirí críochnaithe |
| Prionsabail dhearfacha maidir leis an láthair oibre a chumadh agus a chur i bhfeidhm chun mothú na dea-bhraistinte a chothú chun go mbeadh an cuspóir céanna ag gach ball foirne. | • Glacadh le prionsabail chomhaontaithe sa láthair oibre agus cleachtais a chur chun cinn bunaithe orthu seo. | Críochnaíodh an lámhleabhar foirne |

## Forbairt Ghairmiúil

D’eagraigh an CNCM nó ghlac sí páirt i roinnt imeachtaí agus gníomhaíochtaí um dul chun cinn gairimiúil sa bhliain 2005. Orthu seo chríochnaigh baill fhoirne áirithe oiliúint TFC trí fhreastal ar seó teicneolaíochta BETT i Londain, trí pháirt a ghlacadh i gceardlann ar acmhainneacht earraí Apple chun tacaíocht a thabhairt do churaclam agus do mheasúnacht agus trí pháirt a ghlacadh in oiliúint faoi bhunachar sonraí ag úsáid Microsoft Access. Eagraíodh comhdháil d’Oifigigh Oideachais do bhaill fhoirne ghairmiúla, idir pháirtaimseartha agus lánaimseartha, ar théama *Ceannaireacht d'Athrú: Feabhsú eispéiris na bhfoghlaimeoirí.* Dhírigh forbairt ghairimiúil eile a rinne an fhoireann ar airgeadas, cuntasaíocht, measúnacht, oideachas speisialta, eolaíocht agus matamaitic, Gaeilge, nuatheangacha, oideachas luathóige, oideachas na sraithe sinsearaí agus measúnú ar fheidhmíocht. Ghlac gach ball foirne, idir riarthach agus gairmiúil, páirt in oiliúint nó i bhforbairt ghairimiúil i gcomhthéacs a rólanna agus a bhfreagrachtaí san eagraíocht. Tugadh airgead do roinnt bhaill foirne chun freastal ar staidéar iarchéime, nó chun a leithéid a chríochnú, san oideachas, i gcaidreamh poiblí nó i mbainistíocht imeachtaí.

Ghlac baill foirne páirt i gcuairteanna staidéir, ceann amháin a d’eagraigh Boston College ar an téama *Éagsúlacht Cultúrtha san Oideachas* agus Cuairt Staidéir Arion ar an bhFionlann ar an téama *Comhoibriú Scoile Reigiúnaigh ag Leibheál na Meánscoile Uachtaraí.*

Chuir an CNCM clár ionduchtach ar fáil do gach ball foirne nua a ceapadh sa bhliain 2005.

Choinnigh an fhoireann lánaimseartha taifid aonair oiliúna/forbartha gairimiúla don bhliain 2005, agus d'úsáid siad foirm um fhorbairt ghairmiúil chun riachtanais PD a aithint agus chun an tacaíocht chuí a lorg chun freastal ar na riachtanais seo. Críochnaíodh an chéad chuid den obair i ndréachtú *Phlean Oiliúna eagraíochta* don bhliain 2006.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Cultúr d'fhoghlaim agus d'fhorbairt leanúnach ghairmiúil a chur chun cinn ar fud na heagraíochta agus cáilíochtaí a fháil trí *Feabhas trí Dhaoine*, caighdeán náisiúnta na hÉireann d'fhorbairt acmhainní daonna a úsáid. | • Próiseas ionduchtaithe a chur ar fáil mar aon le forbairt leanúnach gairmiúil na foirne. | Próiseas ionduchtaithe tugtha isteach<br><br>Forbairt leanúnach gairmiúil i bhfeidhm<br><br>Taifid oiliúna/gairmiúla an duine aonair i bhfeidhm |

## Láithreán Gréasáin na CNCM

Rinneadh athfhorbairt ar láithreán gréasáin corparáidigh na CNCM de réir na riachtanais éilithe rochtana (WAI leibhéal 2). Tá sé ar fáil as Béarla agus as Gaeilge.

Cuireann an laithreán eolas ar fáil faoi ról agus réimse oibre na heagraíochta agus a cuid oibre ar churaclam agus mheasúnacht in oideachas Luath-Óige, Bunscoile, agus Iarbhunscoile, agus tionscnaimh nua, athbhreithnithe agus foilseacháin san áireamh.

Eagraíodh oiliúint do gach ball foirne in úsáid an Chórais Bhainistíochta Ábhair (CMS) agus i Scríbhneoireacht don Idirlíon chun a chinntiú go bhfuil aon ábhar ullmhaithe don láithreán forbartha agus curtha i láthair de réir na caighdeán is airde.

Tá *www.curriculumonline.ie* forbartha ag an CNCM chomh maith. Tá gach cáipéis cheadaithe a bhaineann le curaclam agus le siollabas agus treoirlínte do mhúinteoirí ar fáil ann. Tá uaslódáil ábhar an churaclaim fós ar siúl.

Tá na straitéisí agus aschuir (2003-2005) ag baint leis an réimse seo sonraithe thíos.

| Straitéis | Aschuir | Stádas |
|---|---|---|
| Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt láithreán gréasáin na CNCM mar áis thacaíochta do mhúinteoirí agus do scoileanna. Beidh forbairt ábhar tacaíochta i gceist a dearfaí d'úsáid idirghníomhach agus/nó go bhféadfadh múinteoirí a úsáideann ábhar digiteach leas a bhaint astu. | • Úsáid méadaithe an láithreáin gréasáin ag múinteoirí, tuismitheoirí, príomhoidí agus iad sin a oibríonn i suímh luathóige chun eolas agus tacaíocht ar an gcuraclam agus measúnacht a chur ar fáil. | Tá an láithreán corparáideach críochnaithe<br><br>Tá ábhar don *Churaclam Ar Líne* á uaslódáil<br><br>Tá ullmhúchán idir lámha maidir le forbairt an *Churaclaim ag Gníomhú* |

## 7. Liosta cruinnithe coiste 2005

| Ainmneacha na gCoistí | Líon na gcruinnithe |
|---|---|
| Bord an Léinn Chlasaicigh | 4 |
| Coiste um Threoir | 4 |
| An Chomhairle | 8 |
| Coiste OSSP | 1 |
| Coiste um Oideachas Luath-Óige agus Bunscoile | 7 |
| Coiste Luath-Oideachais | 2 |
| Coiste Stiúrtha TFC | 3 |
| Staidéar Imshaoil agus Sóisialta | 3 |
| Coiste Stiúrtha um Idirchultúrachas | 1 |
| Coiste Ceoil an TS | 3 |
| Coiste na Gaeilge TS | 2 |
| Coiste Matamaitice TS | 4 |
| Coiste Ealaíne TS | 5 |
| Coiste Tíreolaíochta TS | 2 |
| Coiste Eolaíochta TS | 1 |
| Coiste Staidéir Giúdaigh | 4 |
| Coiste na Sraithe Sóisearaí | 5 |
| Coiste na dTeangacha Bunscoile | 4 |
| Coiste um Eolaíocht Talmhaíochta AT | 1 |
| Coiste Staidéar Gnó AT | 1 |
| Coiste Eacnamaíochta AT | 1 |
| Coiste na Gaeilge AT | 2 |
| Coiste den Eolaíocht Cheimiceach agus Fhisiceach AT | 1 |
| Matamaitic AT agus Matamaitic Fheidhmeach AT | 1 |
| Coiste OSPS AT | 4 |
| Coiste um Oideachas Reiligiúin | 1 |
| Coiste na Sraithe Sinsearaí | 5 |
| Coiste Stiúrtha an Oideachais Speisialta | 3 |
| Grúpa Oibre an Oideachais Speisialta | 1 |
| **Iomlán an gcruinnithe coiste a tionóladh** | **84** |

# Aguisín

## Sleachta ó Ráitis Airgeadais an CNCM don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2005

# Aguisín

## Sleachta ó Ráitis Airgeadais an CNCM don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2005

Tá na ráitis seo faoi réir iniúctha ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Eolas

**Banc**

Banc na hÉireann
Sráid Bhagóid Íochtarach
BÁC 2

**Cuntasóirí**

Crowleys DFK
16/17 Faiche an Choláiste
BÁC 2

## Réamhrá

Ag teacht leis na hoibleagáidí atá orm faoin gCód Cleachtais do Riar, dearbhaím an méid seo thíos i ndáil leis an mbliain airgeadais 2005.

- cuireadh coiste iniúchta inmhéanaigh i bhfeidhm
- thangthas leis na nósanna imeachta soláthair mar atá sonraithe sa Chód
- níor tharla sé go raibh aon rochtain ag tríú pairtí ar shócmhainní nó ar dhiúscairtí sócmhainní nó ach oiread
- ní raibh aon tógraí um chaiteachas chaipitiúil ag an CNCM
- thangthas le beartas rialtais maidir le tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh agus gach fostaí de chuid na CNCM
- ní íocadh aon táille stiúrthóra chuig comhaltaí na Comhairle
- tháinig an CNCM lena cuid oibleagáidí faoi na dlíthe cánacha.

An Dr. Catherine O'Brien
Cathaoirleach
Feabhra 2006

## Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2005

| | Nótaí | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Ioncam** | | | |
| Deontais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta | 1a | 4,629,777 | 3,572,369 |
| agus ioncam eile | 1b | | |
| Aistriú chuig/(ó) an gcuntas caipitil | 6 | 2,045 | 17,019 |
| | | 4,631,822 | 3,589,388 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 2 | 2,100,823 | 2,259,823 |
| Riarachán | 7 | 1,687,394 | 1,279,085 |
| | | 3,788,217 | 3,538,908 |
| **Barrachas don bhliain** | | 843,606 | 50,480 |
| **Barrachas Carntha amhail an 31 Nollaig 2004** | | 122,391 | 71,911 |
| | | 965,997 | 122,391 |

Ní raibh aon ghnóthachán nó caillteanas ag an gComhairle sna blianta airgeadais seachas iad sin ar déiléaladh leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.

**Ar son na Comhairle**

An Dr. Anne Looney
Príomhfheidhmeannach


An Dr. Catherine O' Brien
Cathaoirleach

## An clár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2005

| | Nótaí | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | 3 | 106,789 | 108,834 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Airgead Tirim sa Bhanc | | 1,116,030 | 26,398 |
| Fiachóirí | 4 | 68,104 | 161,915 |
| | | **1,184,134** | **188,313** |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 5 | 218,138 | 65,922 |
| Glanshócmhainní Reatha | | 965,996 | 122,391 |
| **Glanshócmhainní** | | **1,072,785** | **231,225** |
| **Maoinithe Ag:** | | | |
| Cuntas Caipitil | 6 | 106,789 | 108,834 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 965,997 | 122,391 |
| | | **1,072,785** | **231,225** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.

**Thar ceann na Comhairle**



An Dr. Anne Looney
Príomhfheidhmeannach



An Dr. Catherine O' Brien
Cathaoirleach

**3 Márta 2006**

| | | 2005 € | 2004 € |
|---|---|---|---|
| 1a | **Ioncam**<br>Deontais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (ROE)<br>San áireamh sa mhéid thuas tá deontas de €163,809 (€89,420 sa bhliain 2004) i ndáil le baill foirne a athlonnaíodh ó Institiúid Teangeolaíochta Éireann (ITÉ), tá deontas de €50,000 i dtreo an chostais a bhain le hOifigigh Oideachais a cheapadh d'Eolaíocht agus d'Oideachas do Leanaí faoi Choinneáil agus faoi Chúram Ardtacaíochta don tSraith Shinsearach, deontas de €220,000 chun treoirlínte do mhúinteoirí a mhúineann daltaí le deacrachtaí ginearálta foghlama a chraobhscaoileadh, agus deontas ón Aonad um Chomhoibriú Thuaidh-Theas de €18,968 mar pháirt-mhaoiniú ar chomhdháil leis an gComhairle um Scrúduithe agus Measúnaithe Curaclaim, Tuaisceart Éireann. San áireamh i suim na bliana 2004 freisin tá deontas taighde de €90,000 ón Aonad um Inscne agus Comhionannas, ROE agus deontas foilsitheoireachta de €16,949 ón Aonad Beartais ICT, ROE. | 4,531,777 | 3,376,000 |
| 1b | **Ioncam Eile**<br>San áireamh sa mhéid thuas tá deontas de €48,000 ó Fhoras na Gaeilge chun ceapadh Oifigeach Oideachais don Ghaeilge a mhaoiniú mar aon le deontas de €50,000 ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnais agus Athchóirithe Dlí i ndáil le togra chun inniúlacht áitiúil a thógáil mar thaca le hoideachas idirchultúrtha i mbunscoileanna. | 98,420 | |

**2 Costais Foirne**

Is éard atá i gceist le costais foirne na Comhairle ná:

| | 2005 € | 2004 € |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | 1,826,818 | 1,918,842 |
| Taisteal agus Cothú | 216,336 | 285,064 |
| Fógraíocht Earcaíochta | 6,192 | 6,578 |
| Forbairt Foirne | 51,478 | 49,339 |
| | **2,100,823** | **2,259,823** |

Ba é an meánlíon daoine fostaithe ag an gcomhairle i rith na tréimhse ná 34 (32 sa bhliain 2005).

| | F&F Oifige | Trealamh Oifige | Trealamh TF | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| **3 Sócmhainní Seasta** | | | | |
| Costas | € | € | € | € |
| 1 Eanáir 2005 | 57,785 | 45,606 | 103,628 | 207,019 |
| Breisithe | 1,153 | 28,017 | 35,887 | 65,057 |
| Amhail an 31 Nollaig 2005 | **58,938** | **73,623** | **139,515** | **272,076** |
| **Dímheas** | | | | |
| Iarmhéid ar oscailt an 1 Eanáir 2005 | 13,362 | 22,922 | 61,901 | 98,185 |
| Muirear don tréimhse | 5,873 | 14,725 | 46,504 | 67,102 |
| Amhail an 31 Nollaig 2005 | **19,235** | **37,647** | **108,405** | **165,287** |
| **Glanluach Leabhar** | | | | |
| Ag 31 Nollaig 2005 | **39,703** | **35,977** | **31,109** | **106,789** |
| Ag 31 Nollaig 2004 | 44,423 | 22,684 | 41,727 | 108,834 |

| **4 Fiachóirí agus Réamhíocaíochtaí** | **2005** | **2004** |
|---|---|---|
| | € | € |
| Deontas infhála | -- | -- |
| Réamhíocaíochtaí | 68,104 | 161,915 |
| | **68,104** | **161,915** |

| | | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| 5 | **Creidiúnaithe agus Fabhruithe** | **€** | **€** |
| | ÍMAT/ÁSPC | -- | -- |
| | Creidiúnaithe Trádála | 34,976 | 4,469 |
| | Creidiúnaithe eile | 1,820 | 23 |
| | Deontas inaisíoctha | -- | -- |
| | Fabhruithe | 181,343 | 61,429 |
| | | **218,139** | **65,921** |

| | | 2005 | 2005 | 2004 | 2004 |
|---|---|---|---|---|---|
| 6 | **Cuntas Caipitil** | **€** | **€** | **€** | **€** |
| | Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2005 | | 108,834 | | 125,853 |
| | Aistriú chuig/(ó) an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | | |
| | Cistí a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a éadáil | 65,057 | | 32424 | |
| | Amúchadh ag teacht le dímheas | (67,102) | (2,045) | (49,443) | (17,019) |
| | Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2005 | | 106,789 | | 108,834 |

| 7 | Caiteachas | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| | **Costais Riaracháin** | **€** | **€** |
| | Rátaí cíosa, slándáil agus stóras | 417,595 | 250,515 |
| | Trealamh oifige agus deisiúcháin agus cothabháil | 68,972 | 32,168 |
| | Teileafón, postas agus stáiseanóireacht srl. | 142,832 | 132,371 |
| | Seomraí a fháil ar cíos agus lónadóireacht | 69,322 | 19,691 |
| | Cuntasóireacht agus iniúchadh | 20,032 | 21,258 |
| | Muirir bhainc | 171 | 234 |
| | Teicneolaíocht Faisnéise | 81,230 | 18,048 |
| | Fógraíocht ghinearálta | 5,055 | 3,029 |
| | Leabhair tagartha, doiciméid agus síntiúis | 19,402 | 10,616 |
| | Solas agus Teas | 7,315 | 13,866 |
| | Glanadh | 34,904 | 40,950 |
| | Speansais chomhdhála | 14,011 | 15,451 |
| | Tionscadail speisialta lena n-áirítear treoirlínte a fhorbairt do scoileanna faoi oideachas idirchultúrtha agus DVD a dhéanamh do thuismitheoirí | 254,576 | - |
| | Foilseacháin | 272,471 | 218,317 |
| | Táillí Taighde | 212,404 | 453,128 |
| | Dímheas | 67,102 | 49,443 |
| | | 1,687,394 | 1,279,085 |

## 8 Leasanna bhaill na Comhairle

Ghlac an Chomhairle le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasanna ag baill na Comhairle agus cloíodh leis na nósanna seo i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart sa bhliain maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag Baill an Bhoird ann.

### Léas Feidhmiúcháin

Tá comhaontú tionóntachta 25 bliain ag Oifig na nOibreacha Poiblí ó 13 Lúnasa, 1998 i ndáil le léas do lóistín oifige an CNCM ag 24 Cearnóg Mhuirfean. €235,300 an cíos bliantúil agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa 5 bliana.

Tá comhaontú tionóntachta 4 bliana ag Oifig na nOibreacha Poiblí freisin ó 31 Eanáir, 2002 i ndáil le léas do lóistín oifige an CNCM ag 24A Cearnóg Mhuirfean (The Mews). €68,210.33 an cíos bliantúil agus tá sé faoi réir athbhreithniú cíosa 5 bliana.

### 10 Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil amhail an 31 Nollaig 2005.

### 11 Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh aon dhliteanas teagmhasach ann amhail an 31 Nollaig 2005.

### 12 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais ag a cruinniú an 9 Feabhra, 2006.